






Clár na nÁbhar



FORBHREATHNÚ	02
COLÚIN THEICNIÚLA AN GHEILLEAGAIR ÉIFEACHTAIGH THRÁDÁLA	04
RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	06
TUARASCÁIL AN PHRÍOMHOIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN	08
PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MAIDIR LE POIST	13
CAIGHDEÁIN	14
DEIMHNIÚCHÁN	22
MÉADREOLAÍOCHT	30
RIALACHAS CORPARÁIDEACH	38
COMHALTAÍ AN BHOIRD	40
RÁITIS AIRGEADAIS	
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	42
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	43
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	44
COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA	46
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	47
CUNTAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	49
RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	50
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE	51
RÁITEAS SREABHADH AIRGID COMHDHLÚITE	52
NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS	53
AGUISÍN	59

> Forbhreathnú


Beidh an lámh in uachtar i gcónaí ag na gnólachtaí Éireannacha a rinne infheistíocht i ndeimhniú caighdeán a dtáirgí nó a seirbhísí thar na gnólachtaí sin nach ndearna amhlaidh.

Misean

Cuidíonn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) le gnólachtaí in Éirinn na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr a chur i bhfeidhm ina gcleachtais ghnó agus cosnaíonn sé tomhaltóirí na hÉireann trí caighdeáin rialála a shocrú agus beachtas toisí a chur i bhfeidhm.

Fís

Eagras bisiúil a bhaineann úsáid as toisí agus caighdeáin chun leasa an phobail agus chun fiontair na hÉireann a chur chun tosaigh go domhanda.



> Colúin theicniúla an gheilleagair éifeachtaigh thrádála

Cuireann an obair a dhéanann NSAI leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí againn ar bhealach dearfach. Bíonn NSAI ag cuidiú le gnólachtaí i mbeagnach gach earnáil a bhaineann leis an ngeilleagar tríd an trádáil a éascú, trí fhaisnéis a chraobhscaoileadh, trí bhearta nuálaíocha maidir le caighdeáin a leathadh, agus trí eolas a scaipeadh faoi chleachtais dea-bhainistíochta agus cleachtais mheasúnaithe comhréireachta.

Is beag ach is oscailte geilleagar na hÉireann agus soláthraíonn NSAI bonneagar chun táirgí agus seirbhísí iontaofa a fhorbairt agus a thrádáil go náisiúnta agus go domhanda. Tá an bonneagar seo mar bhunchloch sa phróiseas cinnteoireachta maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach ag eagrais a bhíonn ag brath ar chaighdeáin atá forbartha agus ar bhonneagar measúnaithe comhréireachta chun a gcuspóirí a bhaint amach.

Méadreolaíocht Dhlíthiúil

Tomhaltóirí a chosaint, tomhais agus uirlisí tomhais a bhíonn in úsáid i gcúrsaí trádála.

Méadreolaíocht

Tríd an Mhéadreolaíocht Eolaíochta agus Tionscail, bunaítear tomhais bheachta, iontaofa, inrianaithe a bhíonn mar bhunús leis na riachtanais feidhmíochta a bhaineann le caighdeáin.





Cuireann NSAI bonneagar ar fáil do chúrsaí gnó tríd na croí-chláir aige: caighdeánú, méadreolaíocht eolaíochta agus tionscail, méadreolaíocht dhlíthiúil agus measúnú comhréireachta. Is gnéithe iad sin ar fad a chuireann leis an obair chun an trádáil a éascú agus an tomhaltóir a chosaint.

Creidiúnú (INAB)

Léiriú ar chumas saotharlanna tástála agus calabrúcháin, ar chumas forais deimhniúcháin agus ar chumas forais chigireachta.



Caighdeánú

Éascaítear an trádáil trí chaighdeánú agus is bunús iad le rialáil theicniúil. Is forais idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta um chaighdeánú a fhorbraíonn iad.



Measúnú Comhréireachta

Sampláil, cigireacht, tástáil agus deimhniúchán.



Córas Éifeachtach Trádála

Laghdú ar éagsúlacht neamhriachtanach, idir-inoibritheacht, barainneacht scála, deimhniú cáilíochta, an cumas ag tomhaltóirí táirgí agus seirbhísí a éileamh atá oiriúnach don fheidhm agus atá de réir na gcaighdeán cuí.





Ráiteas an Chathaoirligh



Bliain dhúshlánach eile a bhí ann ó thaobh an gheilleagair de agus bhí tábhacht níos mó ná riamh le caighdeáin agus gnólachtaí na hÉireann ag feidhmiú faoi scáth na héiginnteachta sna geilleagair náisiúnta agus idirnáisiúnta. Le linn na bliana 2012, dhírigh an tUdarás ar Bhonneagar an Mhargaidh Oscailte agus chuir sé i gcrích obair leathan a bhain lena seirbhísí i dtaca le caighdeáin, méadreolaíocht agus measúnú comhréireachta. Chuir NSAI 8 ngníomhaíocht i gcrích maidir le Plean Gníomhaíochta 2012 an Rialtais maidir le Poist, ina measc deimhniúchán Feistí Míochaine agus cleachtais acmhainní daonchaidrimh. Cuireadh ár seirbhísí i bhfeidhm i réimse leathan earnálacha i dtionscail éagsúla agus tá tuilleadh sonraí le fáil sa tuarascáil bhliantúil seo ar obair eile a rinneadh i rith na bliana.



Daingníodh arís eile i mbliana an luach atá le caighdeáin. Rinneadh suirbhéil ar ghnólachtaí a bhaineann úsáid as caighdeáin agus thuairiscigh 80% acu go dtéann feidhmiú caighdeán chun tairbhe dóibh. Bhíothas den tuairim go forleathan chomh maith gur luachmhar go mór le comhlachtaí idirnáisiúnta caighdeáin. Tuairiscíodh freisin go bhfuil sé riachtanach caighdeáin a lua i dtairiscintí; bhí 75% de na freagróirí ar aon intinn gur fearr an clú atá ag comhlachtaí a fheidhmíonn de réir caighdeán, rud a éascaíonn an bealach dóibh isteach sna margaí idirnáisiúnta.

Is cosúil go mbeidh dúshlán romhainn arís sa bhliain 2013 mar gheall ar áiseanna a bheith srianta go fóill. De thairbhe go bhfuil plean straitéiseach 2013-2015 déanta againn, áfach, creidimid go mbeidh an t-eagras seo inchurtha leis na dúshlán seo agus go gcuirfimid seirbhísí den scoth ar fáil i gcónaí a láidiríonn fiontair agus a chosnaíonn an pobal.

De réir fhorálacha Acht an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996, chuaigh trí chomhalta Boird ar scor sa bhliain 2012 agus thar cheann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le David Gargan, le Des O'Loughlin agus le Mary Ita Walsh as a dtiomantas agus as an méid a chuir siad le héachtaí NSAI lena linn ar an mBord.

Is é seo mo ráiteas deireanach mar Chathaoirleach agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach comhalta reatha den Bhord agus leis na hiarchomhaltaí as a ndíograis agus as a ngairmiúlacht le mo linnse mar Chathaoirleach agus a bhfreagrachtaí mar stiúrthóirí á gcur i gcrích acu. Is ábhar bróid dom go mbíonn NSAI ag obair de réir an leibhéil is airde rialachais chorpóraidigh agus is mian liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Rúnaí Cuideachta as cinnte a dhéanamh de gur comhlíonadh na caighdeáin seo i rith mo théarma-sa.

“Tuairiscíodh freisin go bhfuil sé riachtanach caighdeáin a lua i dtairiscintí; bhí 75% de na freagróirí ar aon intinn gur fearr an clú atá ag comhlachtaí a fheidhmíonn de réir caighdeán, rud a éascaíonn an bealach dóibh isteach sna margaí idirnáisiúnta.”

Faoi cheannaireacht an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, gnóthaíodh cuspóirí straitéiseacha uile NSAI le linn mo théarma agus gabhaim buíochas mór leis agus le foireann uile NSAI as a ngairmiúlacht agus as a dtiomantas do luachanna an eagrais, gnéithe riachtanacha a chuir leis na héachtaí a baineadh amach agus a chuireann i gcónaí le forbairt leanúnach bhonneagar trádála na hÉireann.

Gabhaim buíochas, ar son NSAI, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D., leis an Aire Gnóthas Beag, John Perry T.D. agus leis na hoifigigh sa Roinn as an tacaíocht a thug siad do NSAI i gcaitheamh na bliana 2012.

Is mian liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na forais eile, le hionadaithe na dtionscal agus leis na baill choiste a d'obair i gcomhar le NSAI chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Ba mhaith liom an deis seo a thapú gach rath a ghuí ar an gCathaoirleach ar NSAI a thiocfaidh i gcomharbacht orm.

Mar fhocal scoir, de réir fhorálacha Acht an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996, agus thar cheann an Bhoird agus an Údaráis, cuirim i láthair an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

Ann Riordan
Cathaoirleach

¹ NSAI - The Use of Standards – suirbhé gnó 2012 ar 351 ardstiúrthóir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ar ghnólachtaí Éireannacha



Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin



Tá obair NSAI bunaithe ar cheithre cholún straitéiseacha. Leagadh síos iad inár bPlean Straitéiseach 2009-2012 agus chuidigh siad le NSAI bonneagar de cháilíocht a fhorbairt atá deartha go speisialta le go rachaidh sé chun sochair do ghnólachtaí, d'fhorais rialtais agus do thomhaltóirí.

Is é Bonneagar an Mhargaidh Oscailte an príomhcholún agus tá sé mar chroílár ár n-iarrachtaí a bheith mar chrann taca do gheilleagar na hÉireann agus é a neartú. Thug na dálaí leanúnacha eacnamaíochta ár ndúshlán, ach bhí roinnt comharthaí ann go raibh cúrsaí ag éirí níos cobhsaí. In ainneoin na ndálaí sin, rinneamar dul chun cinn suntasach.



Ní mór béim a chur ar ról an bhonneagair sa gheilleagar againn agus caithfidh an bonneagar sin a bheith ag feidhmiú go maith. Cuireann sé roinnt uirlisí ar fáil do chomhlachtaí a chuidíonn leo margaí a oscailt agus na dúshláin bhonneagair a bhaineann le gnó a dhéanamh a bhainistiú. Ó thaobh na hÉireann de, is suntasach an rud go mbíonn ceithre cinn den chúig bhunchloch atá de dhíth chun bonneagar do chóras éifeachtach trádála a mhúnlú á mbainistiú ag NSAI: Caighdeán, Measúnú Comhréireachta (trí Dheimhniúchán), Méadreolaíocht agus Méadreolaíocht Dhlíthiúil.

I bhformhór na dtíortha san AE, bíonn na cúig ghné seo á mbainistiú ag forais dhifriúla. Toisc go bhfuil ceithre cinn acu faoi réim NSAI, tá ár seirbhísí níos éifeachtaí agus níos comhordnaithe, rud a fheabhsaíonn comhoibriú, tráthúlacht agus ábharthacht. Bíonn an bonneagar níos solúbtha mar gheall air seo, rud a théann chun tairbhe don gheilleagar trí chéile. Is é an sprioc atá againn na gnéithe cáilíochta uile den bhonneagar a shocrú ar dhóigh a chiallaíonn gur féidir freastal ar riachtanais gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn an oiread agus is féidir.

Is gnéithe iad d'oibríochtaí geilleagair nach dtuigeann daoine gurb ann dóibh ar chor ar bith. Tá siad ríthábhachtach mar sin féin. Le chéile, is dúshraith dhaingean dhocht iad do ghnólachtaí, don rialtas agus do thomhaltóirí. Tá ról tábhachtach acu i ngach cineál gníomhaíochtaí geilleagracha agus sóisialta. Ina measc tá cúrsaí oideachais, mar a gcuirtear an chéad ghlúin eile – iad siúd a bheidh ag déanamh cinntí móra san am atá le teacht – ar an eolas faoin tábhacht atá le caighdeán. Tá cothú na gcaidreamh le páirtithe thar lear i gceist freisin, nó tríd an gcomhoibriú le forais náisiúnta agus idirnáisiúnta, cuirtear lenár n-eolas agus leathnaítear ár n-aigine.

“Is mór an tairbhe atá bainte ag gnólachtaí as caighdeán le dornán blianta anuas. Meastar i roinnt staidéar eacnamaíochta a rinne Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) agus forais náisiúnta caighdeán ar fud an domhain gur fiú 1% na holltáirgeachta intíre (GDP) an caighdeánú don fhás geilleagrach.”

Cuireann NSAI a chuid seirbhísí ar fáil de réir trí fheidhm: Caighdeán, Measúnú Comhréireachta agus Méadreolaíocht. Díritear ar dhúshraith a leagan síos do ghnólachtaí ar ar féidir leo tógáil agus fás. Bhí na gníomhaíochtaí againn a bhain leis an trí fheidhm mar léiriú ar athrú tábhachtach a tharla sa bhliain 2012: d'fhreagraíomar do riachtanais an mhargaidh, chuireamar polasaithe forghníomhacha i bhfeidhm agus chuireamar rialacháin nua AE i ngníomh. Bhí tionchar go fóill ar ghnólachtaí ag an droch-chaoi ina raibh geilleagar na hÉireann agus geilleagair an domhain le blianta beaga anuas, ach mothaítear anois go dteastaíonn ó chomhlachtaí atógáil. Is é ról NSAI na huirlisí sin a chuideoidh leo cobhsaíocht a bhaint amach agus fás a dhéanamh a chur ar fáil.

Caighdeán

Is mór an tairbhe atá bainte ag gnólachtaí as caighdeán le dornán blianta anuas. Meastar i roinnt staidéar eacnamaíochta a rinne Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) agus forais náisiúnta caighdeán ar fud an domhain gur fiú 1% na holltáirgeachta intíre (GDP) an

caighdeánú don fhás geilleagrach. Sa bhliain 2012, bhí fianaise ann go raibh an caighdeánú ag iarraidh níos tábhachtaí do chomhlachtaí in Éirinn: léirigh suirbhé a rinneadh ar son NSAI go mbíonn caighdeán i bhfeidhm ag leibhéal éigin ag beagnach seacht gcomhlacht as gach deichniúr in Éirinn agus gur aontaigh formhór na bhfreagróirí gur dóichí go mbeidh comhlachtaí a chuireann caighdeán i bhfeidhm rathúil san fhadtréimhse.

Léiríonn na torthaí sin a luachmhaire atá obair NSAI in ainneoin na ndálaí deacra geilleagracha. Cuirfidh NSAI leis seo in 2013, agus beidh Rialachán nua an AE maidir le Caighdeánú ina chuidiú mór. Foilsíodh an rialachán nua seo i mí Dheireadh Fómhair 2012 mar aitheantas ar a thábhachtaí atá caighdeán don fhás agus don iomaíocht geilleagrach. Forbraíodh é mar mhórtionscnamh. Tá sé dírithe ar úsáid na gcaighdeán a mhéadú in earnáil na seirbhísí agus cuirfidh sé luas faoin bpróiseas forbartha do chaighdeán faisnéise agus teicneolaíochta. Ag éirí as sin, beifear in ann an cleachtas is fearr agus an nuálaíocht a leathadh go mear. Rud tábhachtach is ea é go



Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (ar lean)

“Chuir NSAI go mór leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Poist i gcaitheamh na bliana nó chuir sé i gcrích níos mó ná 90% de na bearta a leag an Rialtas amach dó.”

láidreoidh an rialachán nua an córas reatha caighdeánaithe agus cuirfear caighdeáin chun cinn trí rialacha a bhunú maidir le comhoibriú idir na forais éagsúla chaighdeánaithe atá sa chóras ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE. Spreagfar gnóthais bheaga agus mheánmhéide lena bheith rannpháirteach i gcúrsaí caighdeán: meastar go bhfuil a rannpháirtíocht mar ghné lárnach san fhás geilleagrach agus go gcuirfidh siad borradh faoi Your Standards, Your Say, tionscnamh de chuid NSAI.

Is nuáil lárnach de chuid NSAI iad SWiFTanna a tugadh isteach le sonraíochtaí agus cóid a phróiseáil go mear. Tugadh isteach iad sa bhliain 2012 i gcomhar le Cumann Idirlín na hÉireann agus is cáipéis thábhachtach thagartha í SWiFT 10 faoin Néalríomhaireacht. Ní hamháin go mbítear in ann freastal ar riachtanais ghnó i saol na teicneolaíochta, atá de shíor ag athrú, tá ceangal ag SWiFT 10 le Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Poist. Cuireann SWiFTanna i gcuimhne dúinn gur gá a bheith forghníomhach agus go gcaithfear bonneagar ar bith de cháilíocht a leasú de réir na n-éileamh athraitheach a bhíonn air. Ba léir freagrúlacht an chórais go mall sa bhliain 2012 nuair a tháinig fadhb

náisiúnta chun cinn i dtaca le héilliú piríte.

Fuarthas amach go raibh éilliú piríte ar ábhair chrúa i roinnt forbraíochtaí tógála in Éirinn. D'fhógair Phil Hogan T.D., an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil go raibh Painéal Piríte neamhspleách bunaithe le dul i ngleic leis an bhfadhb. Ba é NSAI ceann de na forais ar leagadh dualgas air treoirlínte oiriúnacha a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb. Nuair a bhí dréacht den cháipéis sin déanta, thuig NSAI nárbh cháipéis treorach an fhreagairt b'fhearr ach go raibh caighdeán i bhfad níos cuimsithí de dhíth in Éirinn.

Mar gheall ar phráinne an cháis, chuir NSAI an próiseas caighdeánaithe chun tosaigh go mear trí rannóg na gCaighdeán in NSAI. Mar thoradh air sin, cuireadh dhá chaighdeán Éireannacha i gcrích laistigh de shé mhí, rud a léiríonn an dóigh a gcuirimid ár saineolas i bhfeidhm chun freagairt do mhórchéistean náisiúnta. Foilseofar na caighdeáin i mí Eanáir 2013.

Measúnú Comhréireachta

Is le Deimhniúchán a bhaineann an chuid is mó den obair a dhéanann NSAI, agus is cúis áthais é a chur in

iúl gur tháinig fás ar an réimse seo le linn na bliana 2012. Bhí fáilte ag lucht an ghnó roimh an scéim Scoth Seirbhíse ó Scoth na bhFostaithe, agus tá deiseanna móra againn as siocair go bhfuil cuíchóiriú suntasach déanta ar fhorhmeas feistí míochaine san Eoraip. Seo earnáil atá aitheanta ag an rialtas mar réimse tosaíochta agus luíonn NSAI go maith i gcomhthéacs na hEorpa. Mar chuid den chuíchóiriú, gearrfar líon na bhforas a bhfuil fógra tugtha dóibh maidir le feistí míochaine ó 80 go dtí níos lú ná 40 agus tá sé de rún ag NSAI teacht amach as an bpróiseas seo níos láidre ná riamh. Anois go bhfuil oifig réigiúnach oscailte i nGaillimh, táimid níos tiomanta ná riamh.

Sa bhliain 2012, neartaigh NSAI a chlár san earnáil bhia agus talmhaíochta trí chreidiúnú a bhaint amach i dtaca le Deimhniúchán idirnáisiúnta don Chóras Sábháilteachta Bia (FSSC). Is réimse mórfháis é seo agus tá clú ar thionscal bia na hÉireann ar fud an domhain as na caighdeáin arda agus as an bhfeidhmíocht den scoth. Is tionscal é ina bhfuil réimse leathan earnálacha a bhfuil cuid mhór riachtanas difriúil acu. Beidh sé rithábachtach go bhféadann comhlachtaí atá ag iarraidh a ngnó a leathnú sa bhaile agus thar lear deimhniúchán a fháil.

Baineann an obair a dhéanann NSAI ar mheasúnú comhréireachta le réimsí sonracha, ach déanann sé a chuid oibre i gcónaí ar scála leathan. Forbraíonn sé tionscnaimh nua atá mar thacaíocht do ghnólachtaí in Éirinn agus cuireann sé chun cinn iad. Ba é 'Quality Ireland' ar LinkedIn ceann de na tionscnaimh seo. Tá traidisiún na hardcháilíochta in Éirinn le fada an lá, ISO 9000, mar shampla, agus tugann an fóram ar LinkedIn saineolaithe éagsúla i gcúrsaí cáilíochta le chéile chun labhairt ar a dtáithí féin agus chun an cleachtas is fearr a chur chun cinn. Is léiriú iad fiontair mar seo ar chuspóir NSAI a fheidhmíocht sa ghnó a fheabhsú.



Méadreolaíocht

Tá ról na Méadreolaíochta tábhachtach go fóill beag beann ar dhálaí eacnamaíochta. Is é an cuspóir atá againn obair i gcomhar le gnólachtaí chun cuidiú leo a bhfadhbanna méadreolaíochta a réiteach. Sampla de ghnólacht a mbaineann an mhéadreolaíocht leis is iad na bainc fola mar a mbíonn barrthábhacht le cruinneas tomhas agus leis na teochtaí ar a stóráiltear fuil. Dírimid ár n-iarrachtaí féin ar thomhaltóirí a chosaint agus ar chuidiú a thabhairt do ghnólachtaí tuiscint níos fearr a fháil ar an dóigh a n-oibríonn an mhéadreolaíocht. Tá buntáistí le fáil ag gnólachtaí ó NSAI trína sheirbhísí oiliúna agus sainchomhairleoireachta, trína iniúchta agus trí thacaíocht theicniúil. Cuireadh le réimse na hoibre seo le linn na bliana agus tá NSAI ag tacú le níos mó gnólachtaí ná riamh.

Is gné an-tábhachtach d'obair NSAI forfheidhmiú. Sa bhliain 2012, ionchúisíodh Comharchumann Feirmeoirí agus bhí feachtas rathúil againn a dhírigh ar mharglanna beostoic.

Mar gheall ar an timpeallacht ina bhfuilimid ag feidhmiú, bíonn athrú de shíor ag teacht ar ár gcuid seirbhísí de réir mar a thagann athrú ar an margadh agus de réir mar a ullmháimid chun dul i ngleic le deiseanna agus le dúshláin nua amhail Rialachán an AE ar fhaireachas margaidh.

Plean Gníomhaíochta maidir le Poist

Seoladh an chéad Plean Gníomhaíochta maidir le Poist i mí Feabhra 2012. Tá breis agus 280 beart i bplean seo an Rialtais chun an geilleagar a atógáil agus poist a chruthú tríd an tacaíocht atá ar fáil do ghnólachtaí a mbíonn poist á gcruthú acu a fheabhsú agus trí na constaicí ar chruthú na fostaíochta a bhaint. Le linn na bliana 2012, d'obair gach Roinn Rialtais, 15 acu, agus 36 gníomhaireacht stáit, NSAI ina measc, leis na gníomhartha seo a chur i bhfeidhm.

“Tá buntáistí le fáil ag gnólachtaí ó NSAI trína sheirbhísí oiliúna agus sainchomhairleoireachta, trína iniúchta agus trí thacaíocht theicniúil.”

Chuir NSAI go mór leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Poist i gcaitheamh na bliana nó chuir sé i gcrích níos mó ná 90% de na bearta a leag an Rialtas amach dó. Is é an fáth a rabhthas in ann é sin a dhéanamh ná go bhfuil dúshraith láidir ag NSAI – bonneagar de cháilíocht. Is cuid riachtanach é seo de na tionscnaimh sin ag NSAI atá mar chuid den phlean agus tá sé mar bhunchloch an fháis sa mheántréimhse.

Maidir leis an gClár Rialtais, laghdaigh NSAI líon na gcomhaltáí foirne go dtí an sprioclíon a bhí socraithe mar chuid d'athchóiriú na hearnála poiblí. Sna blianta beaga atá romhainn, leanfaimid ar aghaidh de bheith ag tacú le polasaithe a bhfuil sé mar chuspóir acu an geilleagar a fhás agus poist a chruthú agus cuirfimid na polasaithe sin i bhfeidhm.

Plean Straitéiseach 2013-2015

Forbraíodh straitéis úr NSAI sa bhliain 2012 bunaithe ar phróiseas leathan comhairliúcháin leis an bhfoireann, le ranna agus le forais seachtracha ó réimse an ghnó agus ón Rialtas (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina measc). Tá an obair atá ar bun againn le bonneagar de cháilíocht a thógáil mar chroí-chuspóir againn i gcónaí agus tá an bonneagar sin mar bhunchloch don fhiontraíocht a

chuidíonn le cobhsú agus téarnamh an gheilleagair. Shocraíomar gurb é an bealach is díri chun cinn sa mheántréimhse ná coigeartú a dhéanamh ar na bearta agus ar na cuspóirí a bhí leagtha síos de réir na gceithre cholún straitéiseacha againn. Tá fás beag ann le trí bliana anuas, rud atá mar ábhar misnigh dúinn agus a spreagaimid lenár gcúrsa a leanacht agus ár gcláir a fhorbairt níos mó. Tá fianaise eile le fáil ó thíortha eile, i réimsí mar Chaighdeánú, atá ag teacht leis an mbeart a bheith tiomanta chun bonneagar de cháilíocht a fhorbairt.

Leis an bPlean Straitéiseach úr, beidh NSAI in ann iarracht a dhéanamh a fhís a fhíorú, mar atá a bheith ina eagrais bisiúil a bhaineann úsáid as bearta agus caighdeáin chun leasa an phobail, a chumasaíonn gnólachtaí agus a chuireann fiontair na hÉireann chun tosaigh ar fud an domhain.

➤ Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (ar lean)

“Leis an bPlean Straitéiseach úr, beidh NSAI in ann iarracht a dhéanamh a fhís a fhíorú, mar atá a bheith ina eagrais bisiúil a bhaineann úsáid as bearta agus caighdeáin chun leasa an phobail, a chumasaíonn gnólachtaí agus a chuireann fiontair na hÉireann chun tosaigh ar fud an domhain.”

Cúrsaí Airgeadais

Bhí dálaí deacra geilleagracha ann, ach d'éirigh linn ioncam €18.6m a fháil ónár seirbhísí measúnaithe comhréireachta, méadreolaíochta agus díolachán caighdeán agus thuairiscíomar barrachas oibríochta €0.3m don bhliain 2012.

Toisc srianta airgeadais a bheith orainn, cuireadh clár caiteachais chaipitiúil i bhfeidhm arbh fhiú €0.5m é a bhain le feithiclí, trealamh teicniúil agus trealamh TFC.

Cumarsáid agus Feasacht

Tá obair chumarsáide agus feasachta tábhachtach i gcónaí sna hiarrachtaí againn ceangal a dhéanamh le lucht gnó agus leis an bpobal. Leanamar de bheith ag baint úsáide as teistimeireachtaí ár gcliant le linn na bliana 2012, rud a mheall cuairteoirí go dtí suíomh gréasáin NSAI, agus bhí feachtais feasachta againn le ceist na gcaighdeán agus mórcheisteanna eile a bhaineann leis an bpobal a chur chun cinn.


Conclúid

Táim an-sásta leis an dul chun cinn a rinneamar le linn na bliana agus go raibh ról méadaitheach ag an mbonneagar cáilíochta sna hiarrachtaí le téarnamh geilleagrach a bhaint amach in Éirinn. Cuireadh athruithe go leor i bhfeidhm le linn na bliana 2012 agus beidh tuilleadh ann an bhliain seo chugainn: beidh tionchar ag an Rialachán úr AE ar an dóigh a dtéann NSAI i mbun gnó agus beidh deiseanna agus dúshláin araon ag baint leis.

Sa bhliain 2013, beidh athrú ollmhór ar thionscal na dtáirgí foirgníochta nó beidh Marcáil CE éigeantach ar tháirgí foirgníochta. Rinne rannóg Deimhniúcháin NSAI an bhunobair le haghaidh tabhairt isteach an Rialacháin nua um Tháirgí Foirgníochta sa bhliain 2012. Beidh an Rialachán seo ina chuidiú mór ag tionscal foirgníochta na hÉireann sna blianta atá romhainn.

Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt d'fhoireann iomlán NSAI. Is mar gheall orthusan a bhíomar in ann ár gcuspóirí féin agus spriocanna an Rialtais a chur i gcrích. Beidh iarracht agus díograis níos mó arís ag teastáil lenár bPlean Straitéiseach nua a chur i bhfeidhm, agus táim muiníneach gur féidir linn, mar eagrais, an plan sin a chur i gcrích.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe sna tionscail agus leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as a gcuid tacaíochta, agus gabhaim buíochas chomh maith le Bord NSAI agus leis na bainisteoirí san eagrais as an obair mhór a rinne siad i gcaitheamh na bliana.



Maurice Buckley

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Phlean Gníomhaíochta maidir

Seoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta maidir le Poist i mí Feabhra 2012. Tá breis agus 280 beart i bplean seo an Rialtais chun an geilleagar a atógáil agus poist a chruthú tríd an tacaíocht atá ar fáil do ghnólachtaí a chruthaíonn poist a fheabhsú agus na constaicí ar chruthú na fostaíochta a bhaint. Le linn na bliana 2012, d'obair gach Roinn Rialtais, 15 acu, agus 36 gníomhaireacht stáit, NSAI ina measc, leis na gníomhartha seo a chur i bhfeidhm.

Ba é Plean Gníomhaíochta 2012 maidir le Poist an chéad chéim i bpróiseas uailmhianach a mhairfidh roinnt blianta. Is é an sprioc a bhaineann leis an bpróiseas seo gealltanas an Taoisigh a chomhlíonadh maidir leis an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh ann a dhéanamh d'Éirinn agus líon na ndaoine in Éirinn atá fostaíthe a mhéadú ar 100,000 – ó 1.8 milliún go 1.9 milliún – faoin mbliain 2016.

Sa bhliain 2012, bhí sé de dhualgas ar NSAI 8 gcinn den 280 beart sa phlean a chur i gcrích. Bhain siad le réimsí éagsúla d'obair NSAI. Ar na bearta sin bhí:

- Feidhmíocht dhúchasach a fheabhsú trí;
 - Fheasacht a ardú, go háirithe i measc gnóthas beag agus meánmhéide, faoina thábhachtaí atá sé próisis a fheabhsú chun na costais a bhaineann le droch-cháilíocht a laghdú, táirgiúlacht, mianach iomaíochta agus inbhuanaitheacht a mhéadú agus níos mó post a chruthú trí sheimineáir agus gníomhartha eile.
- Cuidiú le gnólachtaí dúchasacha trádáil a dhéanamh
 - Baint amach caighdeán idirnáisiúnta amhail ISO 9001, agus caighdeán chomhchosúla bhainistíochta, a chur chun cinn mar straitéis riachtanach ghnó a bheadh mar fhreagairt ar na brúnna leantacha tráchtála atá ar chomhlachtaí Éireannacha.¹
- Tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí chun an cleachtas agus na caighdeáin is fearr maidir le hAcmhainní Daonna a fhorbairt d'fhonn buanna daoine a fhorbairt agus iad a choinneáil ina bpost.
- Sainghrúpa Éireannach a fhorbairt a bheidh freagrach as an gcleachtas is fearr ó thaobh caighdeán de sna tionscail agus níos mó gnólachtaí agus taighdeoirí Éireannacha a mhealladh lena bheith rannpháirteach sna sainghrúpaí cuí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta.
- Fostaíocht a mhéadú in earnáil dhúchasach na seirbhísí feistí míochaine trí scéim na bhfóraitheoirí údaraithe a leathnú.
- Sainchuidiú a thabhairt do spriocghnólachtaí agus iarratais chasta á ndéanamh acu maidir le tomhas/méadreolaíocht próiseas.
- Tacaíocht a thabhairt sna hiarrachtaí chun Ionad Domhanda Feabhais a dhéanamh d'Éirinn do thionscal na bhFeistí Míochaine trí sheirbhís áitiúil deimhniúcháin mharcáil CE a sholáthar, seirbhís atá ar ardchaighdeán, a chlúdaíonn réimse leathan agus a fhreagraíonn d'athruithe san earnáil.
- Téacs néalríomhaireachta don soláthar a fhorbairt i gcomhar le saineolaithe ó na tionscail trí ghrúpa a bhaineann le rannóg na gCaighdeán in NSAI.

Rinne an tAire agus an Taoiseach athbhreithnithe ráithiúla ar an dul chun cinn a bhí déanta ag Ranna Rialtais agus ag forais Stáit, rud a léirigh tiomantas an Rialtais don phlean. Thug NSAI faisnéis shonraithe dóibh a léirigh go raibh 90% de na bearta curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana agus go mbeadh an 10% eile san áireamh le bearta 2013.

De réir na riachtanas maidir le hathchóiriú san earnáil phoiblí, tá na spriocanna maidir le líon comhaltaí foirne bainte amach ag NSAI. Tá an fhoireann laghdaithe ó 205 duine sa bhliain 2008 (NML san áireamh) go 154 faoi dheireadh 2012. In ainneoin an laghdaithe seo, 24%, bíonn na seirbhísí céanna á gcur ar fáil ag NSAI agus, mar léiriú tacaíochta don Phlean Gníomhaíochta maidir le Poist, níor tháinig méadú ar bith ar tháillí ná ar mhuirir NSAI in 2012.


Tá trí sheirbhís san áireamh sa tacaíocht a thugann NSAI i bhfoirm a bhonneagar cáilíochta, mar atá, Caighdeán, Measúnú Comhréireachta agus Méadreolaíocht. Tá na seirbhísí seo fite fuaite sna bearta a bhíonn ag dul ar aghaidh sa chúla agus atá mar bhuncloch leis an bplean seo sa mheántréimhse. Bíonn tábhacht

1. I staidéar a rinne Harvard ar na mallaibh ar 1,000 comhlacht in California, léiríodh gur mó seans atá ag na comhlachtaí sin a bhfuil ISO 9000 bainte amach acu maireachtáil ná iad siúd nach bhfuil sé bainte amach acu. Lena chois sin, bhí na rátaí fáis i dtaca le díolacháin, fostaíocht, párolla agus meántuilleamh bliantúil níos airde. Bhí rátaí díolacháin níos airde ar 10% chór a bheith agus bhí fás níos mó san fhostaíocht in áiteanna oibre a raibh deimhniú ISO bainte amach acu. Idir bliain amháin agus trí bliana i ndiaidh do na comhlachtaí deimhniúcháin a fháil, tháinig fás 6% ar an bhfostaíocht. 32.5% an figiúr cuí sa tréimhse seacht mbliana go naoi mbliana i ndiaidh dóibh an deimhniúcháin a fháil.

(Foinse: Scoil Ghnó Harvard, Quality management and job quality: How the ISO 9001 standard for Quality Management Systems Affects Employees and Employers, David I. Levine & Michael W. Toffel, Eanáir 2010).



Caighdeáin



Is í rannóg na Caighdeáin in NSAI Foras na gCaighdeán Náisiúnta in Éirinn agus tá sé aitheanta go hidirnáisiúnta. Tá sé freagrach as caighdeáin a fhoilsiú, a chur chun cinn agus a dhíol, ach is é an príomhról atá aige comhordnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht thionscail na hÉireann i bhforbairt agus i léiriú cáipéisí a bhaineann le sonraíochtaí chaighdeáin na hÉireann agus na hEorpa agus sonraíochtaí caighdeán domhanda.



Nuair a ghlactar leis na caighdeáin idirnáisiúnta chéanna, bíonn gnólachtaí na hÉireann a bhíonn i mbun díola i margaí na hEorpa agus an domhain ar an bport céanna le gnólachtaí eile. Cuidíonn an caighdeánú le comhlachtaí Éireannacha trádáil a dhéanamh ó gheilleagar oscailte na hÉireann i margaí an domhain. Tá rochtain mar seo – láithreach agus gan chonstaic – tábhachtach go háirithe agus iarrachtaí ar siúl leis an ngeilleagar a thabhairt aniar. Léiríonn NSAI tacaíocht do pholsaithe an Rialtais trí bhonneagar comhairleach náisiúnta a fheidhmiú a ligeann d'fhiontair a bheith rannpháirteach sna próisis forbartha caighdeán. Baineann an tacaíocht seo le réimsí éagsúla, ina measc:

- **Easpórtálacha:** Toisc go bhfuil geilleagar na hÉireann bunaithe ar easpórtálacha, is iad easpórtálacha a chaithfidh a bheith mar chroí-lár théarnamh gheilleagar na hÉireann. Tá sé den riachtanas go mbíonn na caighdeáin a n-oibríonn fiontair Éireannacha dá réir aitheanta go domhanda san earnáil chuí agus go nglactar leo. Go hidéalach, beidh na caighdeáin sin ina mbuntáiste do na fiontair Éireannacha a ghlacann leo thar ghnólachtaí eile de réir mar a thiocfaidh caighdeáin nua chun cinn. D'fhoill margadh na n-easpórtálacha a éascú, tá gné idirnáisiúnta le cuid mhaith den obair a dhéanann rannóg na gCaighdeán in NSAI, mar shampla caighdeáin a fhorbairt lenár bpáirtithe in ISO agus IEC. Chuige sin, is é a bheidh le baint ag fiontair a bhíonn rannpháirteach sa chaighdeánú: réamheolas luachmhar ar shonraíochtaí dréachta ar dhócha go mbeidh siad mar bhunús le caighdeáin a fhoilseofar amach anseo; agus an cumas chun ábhar na gcaighdeán seo a mhúnlú ag céim luath sa phróiseas. I ndeireadh na dála, bíonn rochtain níos fearr acu ar mhargaí agus ar shlabhraí soláthair, rud atá tábhachtach don fhás atá bunaithe go mór ar easpórtálacha.

- **Nuálaíocht agus Tráchtálú** Is é ceann de na príomhchuspóirí atá ag an Rialtas geilleagar inbhuanaithe a fhorbairt a bhfuil an nuálaíocht ag a chroí-lár, atá chun tosaigh ar na hiomaitheoirí agus ina méadaítear

“Léiríonn NSAI tacaíocht do pholsaithe an Rialtais trí bhonneagar comhairleach náisiúnta a fheidhmiú a ligeann d'fhiontair a bheith rannpháirteach sna próisis forbartha caighdeán. Baineann an tacaíocht seo le réimsí éagsúla”

táirgiúlacht. Cé go gcreidtear go coitianta go mbíonn an nuálaíocht bunaithe ar an teicneolaíocht, tuigtear do dhaoine sa lá atá inniu ann go bhfuil comhthéacs níos leithne ann. Cuirtear síos ar an nuálaíocht anois mar fhorbairt smaointe nua d'fhoill buntáiste iomaíochta a fháil. Cuimsíonn sé sin forbairt táirgí agus seirbhísí nua nó feabhsaithe, ach tá múnlaí úra gnó, struchtúir úra eagraíochtúla agus cleachtais úra oibre i gceist freisin. Is é an caighdeánú an ghné lárnach i gcódú, i ngabháil agus i dtráchtálú an dul chun cinn a dhéantar d'fhoill geilleagar cliste, eolasbhunaithe a thógáil agus a choinneáil.

- **Tacaíocht do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide:** Sa bhliain 2011, foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh do Ghnóthais Bheaga. Léiríonn an tuarascáil an tábhacht a bhaineann le gnólachtaí beaga i ngeilleagar na hÉireann: tá 200,000 gnólacht beag ann a fhostaíonn breis agus 650,000 duine. Tá na gnólachtaí seo ag oibriú i réimse leathan earnálacha, ina measc, bogearraí, teicneolaíochtaí míochaine, táirgeadh bia, ábhar digiteach, turasóireacht, miondíol agus mórdhíol, agus seirbhísí gairmiúla. Bíonn cuid mhaith gnólachtaí ag feidhmiú ar bheagán acmhainní i dtimpeallacht inar bunriachtanas é déanamh de réir caighdeán. Is mian le mórán gnóthas beag agus meánmhéide a bheith ina 'lucht socraithe caighdeán' seachas

ina 'lucht glactha le caighdeáin', rud a chuidíonn leo na féidearthachtaí a bhaineann le caighdeánú a cheapadh lena ngnó a fhás níos sciobtha.

Trí sheirbhísí éagsúla, is iomaí bealach atá ag gnóthais bheaga agus mheánmhéide chun teagmháil a dhéanamh le NSAI, agus is féidir le rannóg na gCaighdeán in NSAI cuidiú leis na gnóthais seo na buntáistí a bhaineann le caighdeáin a ghiarail dá n-earnáil féin. Baintear an méid sin amach go príomha trí phróiseas forbartha caighdeán atá saor agus a bhfuil fáil air go réidh. Is mór an t-ionchas a bhaineann leis ó thaobh eolais ar an margadh de.

Bíonn seirbhísí á bhfeabhsú freisin trí thionscnaimh shonracha eolais d'earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide. Ba chor cinniúna é Your Standards Your Say, áis ar líne chun tuairimí a chur in iúl maidir le cáipéisí agus caighdeáin agus iad go fóill i gcéim na forbartha. Tá an próiseas comhairliúcháin feabhsaithe go mór mar gheall air.

As siocair go bhfuil bonneagar trádála na hEorpa go fóill ag teacht chun cinn trí na Treoracha um Chur Chuige Nua agus trí Chaighdeáin Chomhchuibhithe, is mór an buntáiste d'Éirinn é a bheith in ann tionchar a imirt ar ábhar na gcaighdeán. Tá constaicí teicniúla ar an trádáil á laghdú agus dá réir sin, tá ag

➤ Caighdeáin (ar lean)

“Le linn na bliana 2012, thug breis agus 1,500 saineolaí, a bhí ar níos mó ná 50 coiste, go fial dá gcuid ama lena chinntiú go mbíonn ionadaíocht ag Éirinn ar choistí caighdeán idirnáisiúnta agus sa réimse mór cáipéisí faoi chaighdeánú a fhoilsítear i gcaitheamh na bliana”

méadú ar na deiseanna do chomhlachtaí atá lonnaithe in Éirinn a bheith páirteach i bhforbairt táirgí agus seirbhísí agus sa trádáil a bhfuil easpórtálacha mar chroílár aici.

Chun tairbhe a bhaint as seo, áfach, caithfidh comhlachtaí Éireannacha a bhfreagrachtaí faoi rialacháin an AE agus faoi rialacháin idirnáisiúnta teicniúla a chomhlíonadh go héifeachtach agus sin a dhéanamh gan ach an t-íosmhéid maorlathais. De réir an chleachtais is fearr sa lá atá inniu ann, bíonn na rialacháin bunaithe ar na caighdeáin theicniúla a bhaineann le gach earnáil ar leith.

Mhéadaigh tionchar an chaighdeánaithe arís eile sa bhliain 2012 nuair a foilsíodh Rialachán an AE um Chaighdeánú, toradh obair dhá bhliain ag an AE agus ag forais chaighdeán náisiúnta. Tá sé aitheanta ag an AE le fada an lá gur meicníochtaí an-tábhachtach iad caighdeáin le mianach iomaíochta na hÉireann a fheabhsú. Láidreoidh an Rialachán nua seo an córas reatha caighdeánaithe agus cuirfear caighdeáin agus úsáid caighdeán chun cinn i réimsí mar nuálaíocht, taighde agus forbairt agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide. Athrófar an dóigh a ndéanann NSAI a chuid oibre sna blianta atá romhainn, rud a thabharfaidh leis deiseanna agus dúshláin araon.

Coistí Comhairliúcháin

De réir rialacha idirnáisiúnta, tá an tionchar céanna ag Éirinn sa phróiseas caighdeánaithe idirnáisiúnta agus atá ag tíortha atá i bhfad níos mó. Is í rannóg na gCaighdeán in NSAI a shocraíonn cad é ionchur na hÉireann trí phróisis chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara éagsúla a bhaineann le tomhaltóirí, leis an gcomhshaol, leis na tionscail agus leis an rialtas. Ceaptar Coistí Comhairliúcháin NSAI de réir Alt 10 d'Acht NSAI, 1996, chun na feidhmeanna a leanas a dhéanamh:

- comhairle a chur ar NSAI, de réir mar a iarratar í, maidir leis na Caighdeáin Éireannacha agus leis na cóid chleachtais a bheadh ag teastáil le haghaidh táirgí agus próiseas, laistigh de scóip na gCoistí;
- caighdeáin oiriúnacha dréachta agus cóid chleachtais, agus leasuithe orthu, a dhréachtú le go nglacfaidh NSAI leo ina dhiaidh sin;
- cinnte a dhéanamh de go dtéitear i gcomhairle le páirtithe leasmhara in Éirinn agus na caighdeáin á ndréachtú.

Le linn na bliana 2012, thug breis agus 1,500 saineolaí, a bhí ar níos mó ná 50 coiste, go fial dá gcuid ama lena chinntiú go mbíonn ionadaíocht ag Éirinn ar choistí caighdeán idirnáisiúnta agus sa réimse mór cáipéisí faoi chaighdeánú a fhoilsítear i gcaitheamh na bliana (Figiúr 1). Téann obair na saineolaithe

go mór chun tairbhe dóibh mar bíonn fáil as cuimse acu ar líonra saineolaithe as tionscail éagsúla (taighdeoirí, custaiméirí ionchasacha, iomaitheoirí agus soláthróirí). Bíonn siad ar an eolas freisin go luath faoi chaighdeáin nua atá i mbéal forbartha agus bíonn siad in ann tionchar a imirt ar na caighdeáin a mhúnlóidh an margadh sa todhchaí.

CAIGHDEÁIN – ATHBHREITHNIÚ BLIANA

BONNEAGAR AN MHARGAIDH OSCAILTE

1,600 Caighdeán Foilsithe

D'fhoilsigh NSAI breis agus 1,600 caighdeán (Figiúr 1) agus cuireadh iad i leabharlann d'fhoilseacháin ar chaighdeáin. Tá níos mó ná 23,000 foilseachán anois ann. Díoladh corradh agus 12,000 foilseachán a bhain le réimse mór earnálacha sa tréimhse chéanna.

Ba iad an trí chaighdeán ba mhó díola in Éirinn:

- I.S. 340 – Sláintíocht san Earnáil Lónadóireachta
- I.S. 813 – Suiteálacha Gáis sa Bhaile
- I.S. 3217 – Soilsiú Éigeandála

Tá dearcadh idirnáisiúnta le sonrú i bhformhór na gcaighdeán ag NSAI nó tá sé ag obair i ngeilleagar a fheidhmíonn ar scála domhanda. Tá cásanna sonracha ann, áfach, ina mbíonn caighdeán náisiúnta ag teastáil, caighdeáin do tháirgí, mar shampla, a théann chun sochair do thomhaltóirí agus a chosnaíonn iad. I mí Lúnasa, d'fhoilsigh NSAI dhá Caighdeán nua Éireannacha mar fhreagairt ar an imní a bhí ann faoi dhallóga fuinneoige sa bhaile. Ba iad na cordaí lena n-ardaítear agus lena n-íslítear na dallóga an t-ábhar imní mar is ábhar baoil iad cordaí lúbtha do shábháilteacht páistí óga.

Is iad an dá chaighdeán a foilsíodh:

- I.S. 386: *Sábháilteacht Táirgí Fuinneoige le Cordaí; Treoir maidir le soláthar, tomhas, déanamh, insealbhú agus aistheistiú.*

Tá an caighdeán seo mar threoir dóibh siúd a bhíonn ag ceannach dallóg inmheánach fuinneoige, ina measc,



gníomhaireachtaí Rialtais, ionaid chúram leanaí, scoileanna, leabharlanna, mórdhóltóirí, miondhóltóirí, feisteoirí agus tomhaltóirí.

- *I.S. 387: Táirgí Inmheánacha Fuinneoige le Cordaí – Riachtanais Sábháilteachta*. Sonraíonn an caighdeán seo na riachtanais sábháilteachta do tháirgí inmheánacha fuinneoige le cordaí nach bhfuil cuimsithe faoi láthair ag *I.S. EN 13120: Dallóga inmheánacha – Riachtanais feidhmíochta, sábháilteacht san áireamh*. Baineann I.S. 387 le monarchú dallóg inmheánach fuinneoige agus tá riachtanais sábháilteachta agus iad in úsáid cuimsithe ann.

Tá an Caighdeán Eorpach, *EN 13120: Dallóga Inmheánacha; Riachtanais feidhmíochta, sábháilteacht san áireamh*, i bhfeidhm ó bhí an bhliain 2004 ann. Bhí roinnt tubaistí ann inar cailleadh páistí óga in Éirinn agus mar gheall air sin, d'fhorbair NSAI riachtanais níos leithne sábháilteachta nach bhfuil cuimsithe go sonrach sa Chaighdeán Eorpach. Tá riachtanais bhreise sábháilteachta bunaithe anois go bhfuil Caighdeán Éireannach I.S.387 tugtha isteach. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gCaighdeán Eorpach le riachtanais an Chaighdeáin Éireannaigh a chuimsiú agus tarraingeofar I.S. 387 siar nuair a bheidh an caighdeán athbhreithnithe Eorpach foilsithe agus nuair a bheifear i ndiaidh glacadh leis mar Chaighdeán Éireannach.

FEIDHMÍOCHT FHEABHSAITHE GHNÓ SWIFT

Thug NSAI SWiFT isteach (Sonraíocht a Scríobhadh go Mear – Specification Written in Fast Track) d'fhonn an próiseas fadálach a bhaineann le



An tAire Stáit, Fergus O'Dowd, T.D. ag seoladh SWiFT 9 in éineacht le baill den Choiste Teicniúil NSAI um Chaighdeáin Inrochtaineachta

caighdeánú idirnáisiúnta a bhrostu. Tá gnólachtaí na hÉireann ag baint úsáide as SWiFTanna go rathúil le ceithre bliana anuas nó aithníonn siad go mbrostaíonn siad sonraíochtaí agus cóid agus go bhfuil siad mar chuidiú chun cinnte a dhéanamh de go mbíonn caighdeán comhsheasmhach le fáil i dtáirgí agus i seirbhísí. Le linn na bliana 2012, foilsíodh dhá SWiFT:

• SWiFT 9

I mí Feabhra, d'fhoilsigh NSAI an chéad chaighdeán riamh ar domhan faoi dhearadh uilíoch táirgí agus seirbhísí soláthróirí fuinnimh chun díriú ar úsáideoirí deiridh d'fhonn a chinntiú go mbíonn rochtain acu ar eolas agus ar sheirbhísí. Forbraíodh SWiFT 9 (Dearadh Uilíoch do Sholáthróirí Fuinnimh) i gcomhar leis na páirtithe a leanas: Lárionad an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais um Fheabhas sa Dearadh Uilíoch (NDA/CEUD), CER (an

Coimisiún um Rialáil Fuinnimh) agus príomhsholáthróirí fuinnimh.

Clúdaíonn SWiFT 9 cumarsáid scríofa, bhéil agus leictreonach agus tá coincheap an Deartha Uilíoch mar thagarmharc aige. Baineann sé lena oiread atá táirge nó seirbhís inúsáidte ag a oiread daoine agus is féidir.

Tá ról lárnach ag caighdeáin leis an saol a dhéanamh níos éasca do dhaoine, bíodh teicneolaíochtaí i gceist atá furasta ag úsáideoirí bodhara agus dalla nó táirgí ar féidir le daoine aosta agus daoine atá faoi mhíchumas úsáid a bhaint astu. Léiríonn na treoirlínte a ghabhann le SWiFT 9 an dóigh ar féidir le soláthróirí fuinnimh in Éirinn tús áite a thabhairt d'o riachtanais chustaiméirí agus a dtáirgí, seirbhísí agus bealaí cumarsáide a bhforbairt acu.

Figiúr 1 Cáipéisí Caighdeán a foilsíodh sa bhliain 2012 (Tagairt: An tAguisín ar leathanach 59)

	Caighdeáin	Corrigendum	Leasú	S.R.	Billeog Léirmhínithe	SWiFT
CENELEC	349	34	72	8	1	0
CEN	914	31	51	154	0	0
ISO/IEC	4	0	0	1	0	0
NSAI	3	0	0	1	0	2
Iomlán	1270	65	123	164	1	2

➤ Caighdeán (ar lean)



Maurice Buckley, POF, NSAI, Richard Bruton, T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Joan Mulvihill, POF, Cumann Idirlín na hÉireann (IIA)

• SWiFT 10

I mí na Bealtaine, sheol NSAI Caighdeán i dtaca le Plean nua Gníomhaíochta maidir le Poist chun treoir a thabhairt do ghnóthais faoin aistriú go dtí an néalríomhaireacht. Is cuid lárnach de phlean an Rialtais le haghaidh post agus fáis é díriú ar na hearnálacha sin is mó ina bhfuil Éire chun tosaigh ó thaobh iomaíochta de agus inar féidir fás a dhéanamh. Is í an néalríomhaireacht ceann de na hearnálacha atá i gceist. De réir staidéar éagsúil, tá an mianach in Éirinn fás mór a dhéanamh agus cuid mhór post a chruthú.

Tá athrú mór ag teacht ar an ríomhaireacht mar gheall ar an néalríomhaireacht, ach tá imní ann faoin easpa caighdeán atá ann a bheadh mar threoir d'eagrais ar mhaith leo glacadh léi agus í a chur i bhfeidhm. Sheol NSAI SWiFT 10, Glacadh leis an Néal, i gcomhpháirtíocht le Cumann Idirlín na hÉireann (IIA). Beidh an caighdeán seo ina cháipéis tagartha do chomhlacht ar bith a bhfuil sé i gceist aige aistriú go dtí an Néal mar is treoir é d'eagrais faoi mhórchéistean éagsúla ar gá smaoineamh orthu más é an Néal is rogha leo.

Tá NSAI ag tnúth go gcuirfidh SWiFT 10 ar a gcumas do ghnólachtaí Éireannacha aistriú go dtí an Néal sna blianta atá romhainn agus go spreagfaidh sé iad le déanamh amhlaidh. Tá sé deartha chun Éire a chur chun tosaigh mar mhochghlacadóir agus buntáiste a thabhairt di sa mhargadh.

Treordhearadh Nuálaíochta ar mhaithe le Buntáiste Iomaíochta

Bhí NSAI agus Lárionad an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais um Fheabhas sa Dearadh Uilíoch (NDA/CEUD) mar óstaigh ar fhóram i mí an Mhárta. Eagraíodh é chun deis a thabhairt do chleachtóirí, fiontraithe, innealtóirí, déantúsóirí, ailtirí, nuálaithe agus reachtóirí bualadh le chéile agus le baill Choiste Idirnáisiúnta Caighdeánaithe ISO IEC JTAG Treoir 71. Dhírigh an fóram ar chaighdeán a fhorbairt le haghaidh táirgí, seirbhísí agus timpeallachtaí níos inrochtaine, agus mar sin, a bhaineann níos mó le caighdeán ar Dhearadh Uilíoch.

Ceardlanna ar Ghnó a Mhealladh trí Chaighdeán

I mí Dheireadh Fómhair, sheol NSAI an chéad cheardlann maidir le Gnó a Mhealladh trí Chaighdeán. Dhírigh sí ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide

agus tugadh buneolas ar an dóigh a ndéantar caighdeánú. D'fhoghlaim na rannpháirtithe faoina thábhachtaí atá sé a bheith rannpháirteach i bhforbairt caighdeán, ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus faoi na buntáistí a bhaineann leis an rannpháirtíocht. Taispeánadh do na rannpháirtithe an dóigh le gléasanna agus saoráidí cuardaigh NSAI a úsáid chun a dtaighde féin a dhéanamh ar chaighdeán.

Is ó Fhorais Chaighdeán Eorpach – CEN agus CENELEC, agus a gclár SMEST (Sraith Uirlisí do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide le haghaidh Caighdeánaithe) – a tháinig an smaoineamh le haghaidh na gceardlann. In ainneoin gur gnóthais bheaga agus mheánmhéide iad 99% de na gnólachtaí san Eoraip agus go bhfuil breis agus 90 milliún duine fostaithe acu, is lú an dóchúlacht go mbeidh siad páirteach go gníomhach i bhforbairt caighdeán i gcomparáid le comhlachtaí níos mó. Is gá, mar sin, bealaí a aimsiú chun a chinntiú go nglactar riachtanais na ngnóthas beag agus meánmhéide san áireamh sa phróiseas caighdeánaithe; tá forais chaighdeán, cumainn atá mar ionadaithe ar ghnóthais bheag agus mheánmhéide, agus na gnóthais féin páirteach sa phróiseas seo. Déanann forais chaighdeán, amhail NSAI, cinnte de riachtanais gnóthas beag agus meánmhéide a thabhairt san áireamh ar dhóigh chórasach le linn an phróiseas caighdeánaithe. Cuidíonn sé lena chinntiú go nglacann na páirtithe leasmhara go léir, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ina measc, leis na caighdeáin.

Bhí 90 duine ó ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ó thionscail éagsúla in Éirinn i láthair ag an gcéad cheardlann agus tá tuilleadh ceardlann beartaithe sa bhliain 2013.

Fóram ar Rioscaí

Eagraíodh fóram ar rioscaí ag an am céanna le cruinniú i mBaile Átha Cliath den Choiste Bainistithe Rioscaí maidir le ISO TC 262. Ba é an teideal a bhí ar an bhfóram 'Risk Appetite and Risk Attitude: Setting Limits and Keeping within the Limits'. Ba dheis uathúil í seo ag cleachtóirí na hÉireann i réimse



na rioscaí bualadh le saineolaithe idirnáisiúnta agus bhí breis agus 100 toscaire i láthair. Pléadh an teoiric a bhaineann le caighdeán ISO faoi rioscaí agus feidhmiú caighdeán faoi rioscaí.

GEILLEAGAR NA NUÁLÁIOCHTA AGUS AN GEILLEAGAR EOLASBHUNAITHE A CHOOTHÚ

Tionscadal na nOllscoileanna agus na gColáistí

Sa bhliain 2012, d'fhoilsigh an Grúpa Oibre ar Oideachas faoi Chaighdeán a Mháistirphlean don Oideachas. Tá an grúpa comhdhéanta de phríomhfhórais na gCaighdeán Eorpach a bhaineann le CEN, CENELEC agus ETSI.

D'obair NSAI i gcomhar leis na forais seo agus i bpáirtíocht leis an nGrúpa Oibre agus rinne sé maoirseacht ar fhorbairt agus ar choinneáil stór ábhar oideachasúil an ghrúpa ar líne. Tá an t-ábhar seo le fáil saor in aisce ag ollscoileanna, coláistí agus scoileanna ar shuíomh gréasáin CEN, www.cen.eu. Tá clár léachtaí ann chun an pobal a chur ar an eolas faoi Chaighdeán agus Caighdeánú, agus is é an aidhm atá leo na daoine sin a bheidh ina lucht cinnteoireachta i gcúrsaí gnó san am atá le teacht a chur ar an eolas faoi Chaighdeán agus faoi na buntáistí a bhaineann leo. Is é cuspóir an chlár spéis mac agus iníneacha léinn i gCaighdeán a mhúscailt agus an tuiscint acu orthu a fheabhsú sula dtéann siad isteach san fhórsa oibre. Mar thacaíocht do na tionscnaimh seo, cuireann NSAI bunachar sonraí na gcaighdeán náisiúnta ar fáil d'ollscoileanna agus do choláistí ar bhonn leantach. Tá rochtain iomlán ar líne air ag OÉ, Gaillimh, ag Ollscoil Luimnigh agus ag Institiúid Teicneolaíochta BÁC cheana féin.

Cuairt ó Institiúid Chaighdeán Iosrael
Trí ISO agus forais eile caighdeánaithe idirnáisiúnta, tá NSAI agus Institiúid Chaighdeán Iosrael ag comhoibriú lena chéile chun Caighdeán idirnáisiúnta a fhorbairt agus faisnéis a mhalartú faoi chaighdeán, faoi fhiontar agus faoi thacaíochtaí a chuireann le muinín tomhaltóirí. Is eiseamláir é Iosrael de 'Gheilleagar Eolasbhunaithe' agus, chuaigh NSAI go Tel Aviv sa bhliain



Kevin Knight, an Astráil, Cathaoirleach ar ISO TC 262 Bainistiú Rioscaí, ag Fóram NSAI ar Rioscaí.

2012 agus é mar aidhm aige caidreamh a chothú le hInstitiúid Chaighdeán Iosrael. Is é a thiocfaidh as malartú eolais faoin dóigh ar féidir le Caighdeán cur leis an nuálaíocht agus leis an inbhuanaitheacht, agus cuideofar le NSAI ina chuid oibre bonneagar cáilíochta a thógáil leis an ngeilleagar a neartú.

Tá sé beartaithe ag Institiúid Chaighdeán Iosrael teacht go hÉirinn i mí Eanáir 2013. Díreofar ar an nuálaíocht in Éirinn agus ar iarrachtaí inbhuanaitheachta ó thaobh breoslaí ailtéarnacha agus giniúint cumhachta de agus ar chlár na gcarranna leictreacha atá ag Bord Soláthair Leictreachais.

Seachtain Feasachta ar Charbón Aonocsaíd

Le linn na Seachtaine Feasachta ar Charbón Aonocsaíde (CO), tarraingíodh aird ar na contúirtí a bhaineann le CO agus cuireadh le feasacht an phobail ar na bearta sábháilteachta is féidir a chur i bhfeidhm. Bhí fógraí ar an teilifís agus ar na meáin chlóite agus chuir soláthróirí fuinnimh fógraí sábháilteachta isteach lena gcuid billí. Is i mí Mheán Fómhair a bhí an feachtas seo ar bun, faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh. Chuir NSAI leis tríd an tseachtain a

fhógairt ar leathanach baile shuíomh gréasáin NSAI agus ar LinkedIn. D'eisigh sé preasráiteas faoi na contúirtí a bhaineann le CO agus faoi réamhchúraimí sábháilteachta agus cuireadh ionadaithe an eagrais faoi agallamh ar an raidió.

Pleanáil Imeachtaí 2013 do Chomhghrúpa na nUachtarán

Le breis agus 20 bliain anuas, tá forais Chaighdeán as an Eoraip agus as SAM tagtha le chéile le plé a dhéanamh ar chaighdeán agus ar mheasúnú comhréireachta. Is é is cúis leis an bplé seo tacú leis an trádáil idir an AE agus SAM. ESO JPG-ANSI a thugtar ar an ngrúpa atá comhdhéanta de Chomhghrúpa na nUachtarán (JPG) de chuid Fhorais na gCaighdeán Eorpach (ESO) – atá comhdhéanta den Choiste Eorpach ar Chaighdeánú (CEN), an Coiste Eorpach ar Caighdeánaithe Leictreicniúla (CENELEC) agus Institiúid Chaighdeán Teileachumarsáide na hEorpa (ETSI) – agus Institiúid Chaighdeán Náisiúnta Mheiriceá.

Chuir NSAI cuireadh le linn na bliana 2012 roimh ESO JPG-ANSI a gcrúinniú bliantúil a eagrú i mBaile Átha Cliath agus Uachtaránacht Chomhairle an AE ag Éirinn. Cuireadh cuireadh freisin roimh ionadaithe ó ghníomhaireachtaí

➤ Caighdeáin (ar lean)



Patricia Callan, Stiúrthóir, SFA, agus Maurice Buckley, POF, ag seoladh Thairseach NSAI na nGnóthas Beag agus Meánmhéide

rialtais agus ó fhorais forbartha caighdeán i SAM, roimh an gCoimisiún Eorpach agus roimh Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (EFTA).

Is é an príomhchuspóir a bheidh leis an gcruinniú an comhoibriú idir na forais chaighdeán idirnáisiúnta a chothú agus a neartú d'fhonn caighdeáin a ailíniú chun trádáil earraí agus seirbhísí idir an Eoraip agus SAM a éascú. Éireoidh an comhoibriú seo níos tábhachtaí de réir a chéile toisc go bhfuil an tAontas Eorpach agus na Stáit Aonaithe ar tí tús a chur le hidirbheartaíocht faoi Chomhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta.

Tairseach na nGnóthas Beag agus Meánmhéide

D'fhonn tacú leis an méid a chuireann gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar bhonn leantach le geilleagar na hÉireann, sheol NSAI áis nua ar líne sa bhliain 2012 ar a dtugtar Tairseach na nGnóthas Beag agus Meánmhéide (The SME Portal). Beidh na gnóthais in ann taighde a dhéanamh ar na caighdeáin reatha, oiriúnacha a bhaineann lena dtionscal féin, beidh eolas le fáil ar na buntáistí dá ngnólachtaí a bhaineann le caighdeáin a chur i bhfeidhm agus beidh na gnóthais in ann a dtuairimí féin a chur in iúl go díreach maidir leis na mílte caighdeán Éireannach, Eorpach agus idirnáisiúnta atá á bhforbairt agus a mhúnláionn an

margadh ina mbíonn siad ag feidhmiú. Is é ceann de na gnéithe is luachmaire den Tairseach go mbeidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide in ann a bheith i dteagmháil le corradh agus míle grúpa oibre ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus beidh siad in ann tionchar a imirt ar na príomhchinntí atá á ndéanamh faoina dtionscal féin agus, mar thoradh air sin, iad féin a chur chun tosaigh ar a gcuid iomaitheoirí.

TACAÍOCHT DON INBHUANAITHEACHT Clár Náisiúnta Aisfheistithe

Sa bhliain 2012, chuir NSAI tús le hobair ar Chód Cleachtais don Chlár Náisiúnta Aisfheistithe. Tugann an cód treoir maidir le haisfheistiú réitigh éagsúla chun na costais fuinnimh a bhaineann le háiteanna cónaithe a íslú agus chun na háiteanna féin a dhéanamh níos compordaí. Ba iad an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann; agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a d'iarr an tionscadal.

Is é cuspóir an chóid oiliúint agus caighdeán comhsheasmhach ceardaíochta a sholáthar, treoir a thabhairt do dhearthóirí réitigh aisfheistithe, agus na coigiltí fuinnimh a bhaineann le réitigh aisfheistithe ina n-iomláine (seachas rogha eile píosa ar pháosa) a uasmhéadú.

Is é an aidhm atá leis an gClár Náisiúnta Aisfheistithe uasghráduithe a chur i bhfeidhm ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh ar aon mhilliún foirgneamh cónaithe, poiblí agus tráchtála in Éirinn thar thréimhse 10 mbliana. Beidh clár reatha deontas san áireamh sa chlár áirithe seo, ina measc, na clár sin a oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Foilseofar SR 54 – Cód Cleachtais – Modheolaíocht go luath sa bhliain 2013. Baineann sé le haisfheistiú éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de in áiteanna cónaithe atá ann cheana féin. Baineann an cód cleachtais le hathchóiriú fuinnimh na gcreatlach agus na seirbhísí in áiteanna cónaithe ísle a tógadh i ndiaidh na 1940idí.

Córais Téimh Ghréine

Chuir NSAI le forbairt caighdeáin thábhachtaigh freisin maidir le Córais Téimh Ghréine, SR 50-2. Is eiseamláir é múnla an chaighdeáin seo den dóigh a bhforbraíonn caighdeáin.

D'obair NSAI i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus bhí baint dhíreach aige le dréachtú Chód Náisiúnta Cleachtais maidir le Córais Téimh Ghréine. Cáipéis treorach a bhí sa chaighdeán sa chéad dul síos; forbraíodh é ag dianchruinnithe grúpaí thar thréimhse 12 mhí agus NSAI mar chathaoirleach orthu. Nuair a bhí dréacht den cháipéis déanta, aithníodh gur chóir caighdeán Chód Cleachtais a dhéanamh di.

Is é an buntáiste atá ann d'úinéirí tí go gcaithfidh na daoine a shuiteálann painéil téimh ghréine, agus na córais féin, a bheith de réir na cáipéise seo ina bhfuil an Cód Cleachtais. Is den tábhacht é go bhfuil cáipéis Náisiúnta ag Éirinn ar féidir leis an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tagairt a dhéanamh di ina gcuid rialachán agus scéimeanna. Beidh SR 50-2 ina cháipéis tagartha sa phróiseas deimhniúcháin Agrément le haghaidh córas téimh ghréine freisin.



PRÓIFÍL

Caighdeán Phiríte

Is ábhar tromchúiseach é d'úinéirí na dtithe i gContae Bhaile Átha Cliath thuaidh agus i gcontaetha Chill Dara, Uíbh Fhailí agus na Mí ina bhfuarthas éilliú piríte san ábhar crua a úsáideadh le tithe cónaithe príobháideacha a thógáil. D'fhógair Phil Hogan, T.D., an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil, i mí Mheán Fómhair 2011 go mbunófaí Painéal neamhspleách chun aghaidh a thabhairt ar na mórcheisteanna a bhaineann le héilliú piríte.

Foilsíodh tuarascáil an Phainéal Piríte i mí an Mheithimh 2012 agus bhí 24 moladh inti. Is iomaí foras a bhí freagrach as na moltaí seo, ina measc Cónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann, Cónaidhm Árachais na hÉireann, an Fóram Nuálaíochta san Fhoirgníocht (CIF), Cónaidhm Coincréite na hÉireann, na hÚdaráis Rialaithe Tógála, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, an Rialtóir Airgeadais, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, Innealtóirí na hÉireann, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, ranna Rialtais agus gach eagrais a bhíonn ag plé le forbairt agus le tógáil réadmhaoine. Bhí NSAI ar an liosta freisin.

Dhírigh an chéad cheithre mholadh ar chaighdeán agus ar shonraíochtaí agus i mí Iúil d'iarr an tAire ar NSAI cúram a dhéanamh láithreach d'fhorbairt na nithe a leanas:

1. Prótacal tástála chun rangú áiteanna cónaithe a éascú,
2. Ráiteas modha maidir le hoibreacha feabhsúcháin.

Ba é tasc NSAI freagairt oiriúnach a thabhairt go mear agus úsáid a bhaint as córais sheanbhunaithe an Údarais le riachtanais na tuarascála a bhrostú.

I mí Lúnasa 2012, d'eisigh NSAI fógra poiblí inar tugadh le fios go raibh Coiste nua um Chaighdeán Theicniúla bunaithe le dhá chaighdeán Éireannacha a chruthú. Thug NSAI an próiseas caighdeánaithe chun tosaigh sa dóigh gurbh fhéidir I.S. 398-1 agus I.S. 398-2 a fhorbairt in achar gairid ama. Iarradh ar an iliomad ball coiste a bheith páirteach san obair seo agus tháinig siad le chéile le haghaidh cruinnithe rialta a mhair tamall fada. Ba é toradh na hoibre gur forbraíodh dhá chaighdeán taobh istigh de shé mhí agus táthar ag dréim lena bhfoilsíú i mí Eanáir 2013.

"Tuigim go maith go bhfuil ualach mór oibre ar NSAI agus táim buíoch dó as freagairt go láithreach agus go dearfach don iarratas an obair seo a ghlacadh ar láimh. Is céim thábhachtach eile chun tosaigh an dá chaighdeán seo chun teacht ar réitigh, agus iad a chur i bhfeidhm, ar son na n-úinéirí tí atá ag fanacht tamall fada le réiteach ar fhadhb na piríte."

An tAire Phil Hogan, T.D.

Tá prótacail bheachta, daingne in I.S. 398-1 chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil pirít imoibríoch ina fadhb san ábhar crua fo-urláir i bhfoirgnimh agus lena fháil amach an bhféadfadh a leithéid a bheith ina fadhb sna foirgnimh.

Tá na sonraíochtaí maidir le hobair feabhsúcháin le fáil in I.S. 398-2.

Beidh an dá chaighdeán seo ar na príomhthagairtí a bheidh in úsáid ag an mBord Réitigh Phiríte agus iad ag plé le héilimh ar fheabhsúcháin.



Deimhniúchán



I measúnú comhréireachta, déantar iniúchadh agus deimhniúchán neamhspleách d'fhonn a chinntiú go bhfuil eagrais ar leith ag teacht leis na caighdeáin éigeantacha agus leis na riachtanais dá mhargadh féin. Ní hamháin go mbíonn buntáiste ag an eagrais a fhaigheann deimhniúchán i gcinntí tairisceana agus soláthair, bíonn muinín ag lucht faighte a earraí nó a seirbhísí agus ag na húsáideoirí deiridh astu toisc go bhfuil a obair de réir caighdeán aitheanta, bíodh córais bainistithe gnó i gceist nó faomhadh táirgí.



Mar léiriú ar éagsúlacht na gcaighdeán atá foilsithe agus riachtanais na dtionscal i ngeilleagar na hÉireann, tá deimhniúchán le fáil ó NSAI sna réimsí a leanas:

- **Córais Bainistíochta**

Tá scéimeanna deimhniúcháin ag NSAI le haghaidh Córas Bainistíochta. Leagtar amach sna scéimeanna seo na bunriachtanais le córas bainistíochta a bhaint amach atá praiticiúil, éifeachtach agus lena n-íosmhéadaítear na rioscaí agus lena n-uasmhéadaítear na deiseanna do ghnólachtaí Éireannacha. Is iad na córais bhainistíochta is fairsinge atá i bhfeidhm ar fud an domhain ISO 9001 Cáilíocht, ISO 14001 an Comhshaol, OHSAS 18001 Sláinte agus Sábháilteacht Saothair, ISO 22000 Sábháilteacht Bia agus I.S. EN ISO 50001 Fuinneamh. Tá na caighdeáin seo ar fáil d'earnáil gnó ar bith, is cuma cé chomh casta agus cé chomh mór atá sí, agus is féidir iad a chur in oiriúint dóibh.

Le linn na bliana 2012, lean NSAI air de bheith ag forbairt seirbhísí deimhniúcháin chun dul i ngleic le riachtanais réimse gnólachtaí, gnóthais bheaga dhúchasacha agus mheánmhéide agus corparáidí móra ilnáisiúnta ina measc. Tá tuilleadh agus 3,000 comhlacht deimhniúcháin ag NSAI ar fud an domhain, tá breis agus 10,000 teastas eisithe i réimse leathan earnálacha, ina measc tionscal na bhFeistí Míochaine atá lárnach sa téarnamh geilleagrach.

- **Deimhniú Táirgí agus Marcáil CE**

Is ionann deimhniú táirgí agus marcáil CE agus próiseas lena dheimhniú go bhfuil teisteanas déanta ar tháirgí lena chruthú go bhfuil na critéir atá sonraithe i rialacháin nó i sonraíochtaí táirgí comhlíonta ó thaobh feidhmíochta, sábháilteachta agus cáilíochta de. Má tá marcáil CE bainte amach, tá rochtain láithreach ag comhlachtaí dúchasacha na hÉireann agus

“Worldwide the most widely implemented management schemes are ISO 9001 for Quality, ISO 14001 for Environmental, OHSAS 18001 for Occupational Health and Safety, ISO 22000 for Food Safety and I.S. EN ISO 50001 for Energy.”

ag comhlachtaí ilnáisiúnta araon ar an margadh Éireannach agus domhanda, rud a chruthaíonn deiseanna fostaíochta.

Rialaíonn an tAontas Eorpach go gcaithfidh na Ballstáit Foras a bhfuil Fógra Tugtha Dó a cheapadh chun obair i gcomhar le heagrais d'fhonn a mheasúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirge na caighdeáin riachtanacha faoin treoir lena mbaineann sé.

Is é NSAI an Foras ar Tugadh Fógra Dó maidir le deich dTreoir de chuid an AE a bhaineann le réimse ar leith a chuimsíonn táirgí foirgníochta agus ionchannáin míochaine ghníomhacha.

DEIMHNIÚCHÁN – ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

Margadh Cobhsaí Deimhniúcháin

Bhí an margadh luaineach le blianta beaga anuas, ach tá comharthaí ann go bhfuil sé socair anois. Tháinig fás ar Dheimhniúchán NSAI le linn na bliana 2012 agus cuireadh beagnach 1000 iarratas isteach. Maidir leis

na príomhchórais bhainistíochta, bhí deimhniúchán ISO 14001 agus ISO 22000 seasmhach, agus ba ar ISO 9001 a tháinig an méadú is mó, rud a tharla i bpáirt mar gheall ar chomhtháthú na scéime Scoth Seirbhíse ó Scoth na bhFostaithe le seirbhísí deimhniúcháin an Údaráis. In ainneoin na lagtrá eacnamaíochta, tá tionscal bia na hÉireann ag fás go leanúnach agus tá an tacaíocht atá tugtha ag NSAI don tionscal seo méadaithe trí chreidiúnú FSSC.

Léirigh an phróifíl deimhniúcháin sa bhliain 2012 go raibh teastais le haghaidh níos mó ná caighdeán amháin ag cuid mhór eagrais. Is é ISO 9001 an córas bainistíochta is coitianta; is lena aghaidh sin a bronnadh 63% de na deimhniúcháin nua ar fad a eisíodh sa bhliain (Figiúr 1).

Tá patrún tagtha chun cinn a léiríonn go roghnaíonn eagrais ISO 9001 sa chéad dul síos agus go bhféachann siad le deimhniúchán a fháil le haghaidh córas eile bainistíochta ina dhiaidh sin.


➤ Deimhniúchán (ar lean)

“Sa bhliain 2012, thosaigh fás a theacht arís ar chúrsaí deimhniúcháin, rud a bhí i gcontrárthacht le treochtaí na mblianta beaga roimhe sin. Ní hamháin go bhfuil sé seo tábhachtach ó thaobh an bhfigiúr dearfach de, ach léiríonn sé gur tábhachtach le comhlachtaí deimhniúchán.”

Sa bhliain 2012, d'eisigh NSAI tuilleadh agus 2,300 formheas AE le haghaidh mótarfeithiclí agus a gcodanna agus a gcóras. Bhain siad seo le mórcheisteanna amhail astuithe, cumhacht innill, boinn agus criosanna sábháilteachta. Eisíodh 2,000 formheas náisiúnta eile; bhain breis agus 1,300 acu sin le feithiclí a bhí curtha in oiriúint do thiománaithe atá faoi mhíchumas. Tháinig an formheas sin sna sála ar scéim shonrach formheasta a tugadh isteach le haghaidh feithiclí a cuireadh in oiriúint do thiománaithe atá faoi mhíchumas.

Cuireadh na bunmheasúnuithe don scéim seo i gcrích go luath sa bhliain 2012 d'fhonn an spriocdháta forfheidhmithe a chomhlíonadh, Aibreán 2012. Faomhadh 25 oiriúnóir, rud a chiallaíonn gur féidir leo iarratas a chur isteach ar Fhormheas Náisiúnta nó ar Fhormheas le haghaidh Feithicle Aonair (IVA). Cinntíonn an scéim formheasta seo go mbíonn feithiclí atá curtha in oiriúint do thiománaithe atá faoi mhíchumas ag teacht leis na riachtanais chuí Formheasta Náisiúnta, rud a chiallaíonn go bhfuil siad de réir na réamhriachtanas cuí sábháilteachta agus comhshaoil. Mar chuid den scéim, bhain NSAI a sprioc amach maidir le Formheas Náisiúnta a eisiúint taobh istigh de 48 uair an chloig.

Figiúr 1. Deimhniúchán Chórais nua Bhainistíochta de réir Céatadáin



BONNEAGAR AN MHARGAIDH OSCAILTE

Is é ceann de na dualgais a bhaineann le deimhniúchán NSAI cúnamh a thabhairt do ghníomhaireachtaí Stáit trí chórais bhainistíochta agus seirbhísí a dheimhniú chun a chinntiú go bhfuil siad de réir caighdeán aitheanta. Tá NSAI ag obair i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ó bhí 2009 ann, agus leanadh leis an obair sin sa bhliain 2012. Is é cuspóir na hoibre scéimeanna a chur i bhfeidhm a chuireann le sábháilteacht agus le gnéithe timpeallachta fheithiclí. Faoi Threoir 2007/46/EC an AE, déantar

feithiclí a fhorghnó de réir cineáil le haghaidh díola, cláraithe agus seirbhíse ar fud na hÉireann agus sna Ballstáit uile.

Cinntítear trí na riachtanais chuí Éireannacha agus trí thorthaí mheasúnaithe tástála, a eagraíonn NSAI, go gcuirtear an Treoir i bhfeidhm de réir an chlár ama le haghaidh forfheidhmiú formheasta de réir cineáil. Tá éifeacht dhearfach aige seo ar úsáideoirí na mbóithre agus ar shábháilteacht ar bhóithre na hÉireann.

Deimhniúchán Chórais Nua Sábháilteachta Bia (FSSC)

Le linn na bliana 2012, lean rannóg Deimhniúcháin NSAI léi ag cur Deimhniúcháin Chórais Sábháilteachta Bia chun cinn, agus dá thairiscint, bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta ISO 22000 Córais Bhainistithe Bia, agus ISO TS 22002-1 Clár Réamhriachtanas maidir le Sábháilteacht Bia. Bronnadh ceithre dheimhniúchán nua le linn na bliana, agus fuarthas seacht n-iarratas eile.

Fuair NSAI creidiúnú le haghaidh Deimhniúcháin FSSC sa bhliain 2012. Mar gheall air sin, tá ballraíocht iomlán ag NSAI in FSSC atá aitheanta faoin



Tionscnamh Domhanda Sábháilteachta Bia (GFSI). Is é is aidhm leis an Tionscnamh a chinntiú go mbíonn sábháilteacht bia i bhfeidhm ar fud an domhain. As siocair creidiúnú FSSC agus aitheantas GFSI araon a bheith ag NSAI, tá sé in ann bealaí níos leithne isteach sna margai idirnáisiúnta a thairiscint do dhéantúsóirí bia agus deochanna in Éirinn.

Chun an creidiúnú seo a bhaint amach, rinne INAB iniúchadh dian ar NSAI agus bhí sé i láthair agus measúnú á dhéanamh i suíomhanna cliant lena chinntiú go raibh na cumais riachtanacha ag foireann an Údaráis.

FEIDHMÍOCHT FHEABHSAITHE GNÓ

Sa bhliain 2012, thosaigh fás a theacht arís ar chúrsaí deimhniúcháin, rud a bhí i gcontráthacht le treochtaí na mblianta beaga roimhe sin. Ní hamháin go bhfuil sé seo tábhachtach ó thaobh an bhfigiúir dearfach de, ach léiríonn sé gur tábhachtach le comhlachtaí deimhniúcháin. Chítear do chomhlachtaí príobháideacha agus poiblí araon i réimse leathan tionscal gur gá níos mó ná riamh na deimhniúcháin riachtanacha atá ar fáil a bheith acu ar líon cúiseanna:

- Réamhcháilíocht/réamhriachtanas le haghaidh tairiscintí ar leith.
- Oibriú thar lear, e.g. de ghnáth, bíonn ISO 9001 ina bhunriachtanas le haghaidh comhlachtaí foirgníochta agus conarthaí á lorg acu sa Mheán-Oirthear.
- Bíonn soláthróirí agus custaiméirí a bhfuil deimhniúcháin córais bhainistíochta baint amach acu ag súil le trédhearcacht sna comhlachtaí a mbíonn siad ag plé leo agus go mbeidh siad ag feidhmiú de réir an chleachtais is fearr go hidirnáisiúnta.

ISO 9001

Is é ISO 9001 an córas bainistíochta is coitianta; is leis a bhaineann 55% na ndeimhniúcháin uile. Ba thoradh an-dearfach é na 250 iarratas nua a cuireadh isteach in 2012 le haghaidh deimhniúcháin córas bainistíochta.



Rebecca Brunton agus Sheila Counihan ó Chlann Shíomóin i mBaile Átha Cliath i ndiaidh dóibh deimhniúchán a fháil tríd an scéim Scoth Seirbhíse ó Scoth na bhFostaithe

Scoth Seirbhíse ó Scoth na bhFostaithe

Tugadh an tSonraíocht Náisiúnta Acmhainní Daonna, Scoth Seirbhíse ó Scoth na bhFostaithe (ETP), isteach go hiomlán i ndeimhniúchán NSAI sa bhliain 2012. Ba thoradh é ar an gcomhoibriú forghníomhach idir FÁS (foras bainistíochta ETP roimhe seo), CIPD (foras gairme na n-acmhainní daonna) agus Innealtóirí na hÉireann. Ba é an cuspóir an caighdeán a ailíniú a oiread agus b'fhéidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. I measc na bhfeabhsúcháin, beidh iniúchadh bliantúil mar chuid de thimthriall clárúcháin 3 bliana. Is é ETP 1000:2012 toradh na hoibre: tagann sé níos fearr le sraith na ndeimhniúcháin atá ag NSAI cheana féin. Tabharfar próiseas comhtháthaithe ETP le córais NSAI i gcrích le linn na bliana 2013.

Tá eagrais éagsúla ag glacadh le ETP go fonnmhar. Aithníonn siad go bhfuil ról tábhachtach ag an deimhniúcháin deonach seo i gcur chun cinn bainistíú an athraithe i ngach earnáil sna tionscail éagsúla agus sna hearnálacha Stáit agus Fo-Stáit. Aithníonn siad freisin go

gcuireann sé le mianach iomaíochta na hÉireann. Deimhníodh tuilleadh agus 35 comhlacht Éireannach agus ilnáisiúnta le linn na bliana mar chuid den scéim ETP.

Díríonn bainistíocht Acmhainní Daonna ar dhálaí oibre, ar dheiseanna agus ar an timpeallacht a fheabhsú ar son iomlán na foirne in eagrais agus is féidir léi saol na bhfostaithe a shabhair. Is meicníocht thábhachtach é ETP trínar féidir leis an bhfoireann cur le bainistíú an athraithe, rud atá mar ghné lárnach de ISO 9001.

Bhí dhá sheimineár deimhniúcháin ann sa bhliain 2012, ceann amháin faoi Scoth Seirbhíse ó Scoth na bhFostaithe agus ceann amháin faoi Bhainistíú an Athraithe. Bhí na seimineáir mar thacaíocht do chuspóirí NSAI agus do na cuspóirí sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Poist. Sa bhliain 2012, bhí NSAI mar óstach ar ionadaithe ón Roinn Gnóthaí Inmheánacha in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha a tháinig ar feadh seachtaine agus a bhí ag díriú ar an dóigh le scéim ETP a chur i bhfeidhm. Bhí láithreachtaí ann faoi

> Deimhniúchán (ar lean)



Róisín McCreesh agus Ann Marie Reid ó Vodafone ag fáil an chéad deimhniúchán ó NSAI le haghaidh an Chaighdeán Eorpaigh ar Ionaid um Theagmháil le Custaiméirí. Ina dteannta tá Maurice Buckley, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin NSAI, agus John Perry, T.D., an tAire Gnóthas Beag.

ETP agus tugadh cuairt ar eagrais a bhfuil ETP i bhfeidhm acu, ina measc an tSeirbhís Chabhlaigh, an tArm, an tSeirbhís Dóiteáin agus ComReg.

Inbhuanaitheacht NSAI agus Deimhniúchán agus Clárúchán maidir leis an Timpeallacht Thógtha
Tháinig meath ar bhonn leantach ar an earnáil foirgníochta sa bhliain 2012, agus bhí éifeacht aige sin ar iarratais ar dheimhniúchán agus ar chlárúchán Agrément NSAI maidir le scéim na suiteálaithe inslithe. Déantar an deimhniúchán agus an clárúchán seo de réir ár gcóras bainistíochta cáilíochta ISO 9001. Bíonn sé de bhuntáiste ag comhlachtaí a bhfuil deimhniúchán Agrément acu gur féidir leo a chruthú go bhfuil a dtáirgí oiriúnach dá bhfeidhm, de réir mar a rialaítear leis na Rialacháin Náisiúnta Foirgníochta, agus go bhfuil siad de réir riachtanas páirtithe oiriúnacha eile amhail sonraitheoirí agus ailtirí. Mar gheall air sin go léir, is féidir le húinéirí tí a bheith muiníneach go bhfuil deimhniú neamhspleách ag baint leis

na táirgí atá á suiteáil ina dteach, agus, i gcás an inslithe, go bhfuil deimhniú neamhspleách ag an gcomhlacht atá á shuiteáil agus go bhfuil monatóireacht á déanamh air ar bhonn leantach.

De réir an ról deimhniúcháin aige, rinne NSAI tuilleadh agus 400 iniúchadh ar dhéantúsóirí agus conraitheoirí agus chuir siad seirbhís tacaíochta agus comhairle ar fáil freisin do chliaint agus an t-aistriú á dhéanamh ó Threoir na dTáirgí Foirgníochta go dtí Rialachán na dTáirgí Foirgníochta sa bhliain 2013.

Lean NSAI lena bheith ag deimhniú táirgí nuálaíochta foirgníochta, rud tábhachtach nuair a thugtar chun cuimhne a oiread a raibh an earnáil áirithe seo i gcrúachás.

Deimhniúchán Ionad um Theagmháil le Custaiméirí

Tá breis agus 700 ionad um theagmháil le custaiméirí in Éirinn atá ag feidhmiú faoin gCumann um Bainistiú Ionad Teagmhála

(CCMA), scátheagras. Tháinig CCMA i dteagmháil le NSAI i ndiaidh gur foilsíodh an Caighdeán Eorpach EN 15838, Ionaid um Theagmháil le Custaiméirí –Riachtanais maidir le Soláthar Seirbhísí, caighdeán a mhíníonn an cleachtas is fearr i dtaca le hionad glaonna a bhainistiú. D'aithin siad go raibh deis ann clú na hÉireann a thógáil mar ionad feabhais san Eoraip maidir le hionaid um Theagmháil le Custaiméirí trí úsáid a bhaint as EN 15838.

Seoladh an Deimhniúchán um Ionaid um Theagmháil le Custaiméirí sa bhliain 2012. Ba é Vodafone an chéad chomhlacht ar bronnadh an deimhniú air agus tá suim léirithe ann ag ionaid eile um theagmháil le custaiméirí.

Is léiriú é cur chuige forghníomhach CCMA ar an dóigh a bhfuil comhlachtaí agus forais ag teacht ar bhealaí le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun tairbhe dóibh féin.

Caidrimh a Chothú

I réimsí eile, lean NSAI leis ag cothú a chaidreamh le Cónaidhm an Tionscal Foirgníochta (CIF), trí CQAI (Dearbhú Cáilíochta Foirgníochta na hÉireann)/scéim Deimhniúcháin NSAI do ISO 9001 agus ISO 14001 in earnáil na seirbhísí foirgníochta.

Rinneadh naisc nua sa bhliain 2012. D'obair NSAI le foghrúpa OPEX (Caiteachas Oibríochtúil) IBEC maidir le bainistiú an athraithe, leis an tionscal Cógaisíochta/Ceimice, agus le Clár Formhuinithe Deimhniúcháin Foraoisí (PEFC) maidir le bainistiú slabhraí cumhdaigh agus foraoisí. Tá ag méadú ar an tábhacht atá leis seo agus Éire ag iarraidh cur lena hiomhá mar thír 'Ghlas' ina bhfuil geilleagar seirbhísí agus geilleagar amhábhár.

Éachtaí a Aithint trí Bhronnadh Teastas
Fuair níos mó ná 400 comhlacht deimhniúchán le linn na bliana 2012. Ina measc bhí comhlachtaí a raibh



deimhniúchán á fháil acu den chéad uair agus cinn eile a bhí ag cur leis na córais bhainistíochta a bhí acu cheana féin. Chun na héachtaí seo a aithint, d'eagraigh NSAI dhá ócáid bronnta agus ba é an tAire Gnóthas Beag, John Perry, T.D., a bhronn na teastais. Teastais le haghaidh ISO 9001, ISO 14001 agus OHSAS 18001 a bhí i gceist agus bronnadh formhór acu ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide i réimsí na deántúsaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, an iompair agus na foirgníochta. Is léiriú bronnadh na gcaighdeán seo ar an dóigh a bhfuil gnóthais bheaga agus mheánmhéide ag díriú ar bhonn leantach ar chaighdeáin. Is léiriú é freisin ar ár n-iarrachtaí féin lucht na hearnála seo a spreagadh lena gcórais bhainistíochta a fheabhsú trí chaighdeáin bhainistíochta atá aitheanta go hidirnáisiúnta a bhaint amach.

GEILLEAGAR NA NUÁLAÍOCHTA AGUS AN GEILLEAGAR EOLASBHUNAITHE A CHOITHÚ

Deimhniúchán den Scoth do Thionscal na bhFeistí Míochaine

Is í earnáil na bhfeistí míochaine ceann de na réimsí is mó fáis i ngeilleagar na hÉireann. Is é NSAI an Foras Éireannach ar Tugadh Fógra Dó maidir le Feistí Míochaine. Is é Bord Leigheasra na hÉireann a cheap NSAI sa ról sin. Tá ról tábhachtach ag NSAI chun fás an tionscail a éascú, tionscal a thacaíonn le déantúsóirí ilnáisiúnta agus le comhlachtaí dúchasacha araon. Tá an tionscal rialaithe go mór chun a chinntiú go mbíonn gach feiste ag feidhmiú go sábháilte agus bíonn Rialóirí ag brath ar chaighdeáin fhoilsithe idirnáisiúnta leis na sonraí a gcaithfidh táirgí a bheith dá réir a shainmhíniú d'fhonn a mbunphrionsabail sábháilteachta féin a chomhlíonadh.

Le go mbeidh déantúsóirí iomaíoch go domhanda, tá seirbhís deimhniúcháin den chéad scoth ag teastáil



John Perry, T.D., an tAire Gnóthas Beag, agus Maurice Buckley, POF NSAI, in éineacht leis na comhlachtaí a fuair a dteastais ag Bronnadh na dTeastas in NSAI i mí na Samhna

uathu. Cinntíonn NSAI go mbíonn córais bhainistíochta cáilíochta na ndéantúsóirí, agus na feistí míochaine féin, ag teacht le Treoracha Eorpacha na bhFeistí Míochaine agus le rialacháin idirnáisiúnta eile. Cothaíonn NSAI an caidreamh seo trí chruinnithe agus oiliúint a eagrú ar threoir rialála. Tugtar cúnamh do dhéantúsóirí na rialacháin chuí a thuiscint agus a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas rialála a bhaineann le Marcáil CE ar fheistí míochaine. Cuidíonn na himeachtaí seo leo an t-am a thógann sé le táirgí a chur ar an margadh a ghiorrú, rud atá riachtanach do chomhlachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta araon in Éirinn a bhíonn ag plé le feistí míochaine.

Rangaítear feistí míochaine de réir rioscaí: dá airde an riosca is amhlaidh is airde an cumas atá ag teastáil. Sa bhliain 2012, chomhlíon NSAI riachtanais an údaráis chuí ó thaobh a chumais de, Bord Leigheasra na hÉireann (IMB), agus faomhadh é i dtaca le feistí míochaine ardriosca

Rang III. Chinntigh sé sin gur coinníodh leibhéal na gcumas ard, rud a d'fhág go raibh NSAI in ann díriú ar na feistí sin a bhfuil an saineolas agus an fhaisnéis is mó aige orthu, feistí soithíocha, mar shampla.

Is é NSAI an rogha Forais ar Tugadh Fógra Dó ag thart ar 60% na gcomhlachtaí dúchasacha agus ag 45% na gcomhlachtaí seanbhunaithe ilnáisiúnta.

Gradaim do Chliaint NSAI

Bhí ócáid bhliantúil na ngradam ag Cumann Fheistí Míochaine na hÉireann i mí na Nollag 2012. Bronnadh an dá mhórghradam ar chliaint de chuid NSAI den chéad uair. Cuidíonn sé seo le NSAI a ghnó sa réimse seo a mhéadú.

Bronnadh an gradam do Comhlacht Teineolaíochta Míochaine na Bliana ar Lake Region Medical, déantúsóir feistí agus codanna atá chomh neamhionrach. Tá saoráidí déantúsaíochta ag an gcomhlacht i

> Deimhniúchán (ar lean)



Mark Magennis (ar clé) ó Xtratherm ag fáil an chéad Teastas Cumais i Scéim Agrément NSAI um Múnlaí Teirmeacha. Gary O'Sullivan, atá ar dheis.

gcontaetha na Gaillimhe agus Loch Garman. Bronnadh an gradam ar Lake Region as a fheabhas maidir le nuálaíocht, táirgí a fháil formheasta, agus poist a chruthú. Tá gach ceann dá dtáirgí deimhnithe agus iniúchta ag NSAI.

Ba é Technopath Manufacturing atá lonnaithe ar an Aonach Comhlacht Éirítheach na Bliana. Tá cúram sláinte, biteicneolaíocht agus bainistiú dramhaíola cúram sláinte mar chroílár a ghnó. D'fhorbair NSAI ceann amháin de chroítháirgí an chomhlachta agus tháinig fás suntasach air in 2012, rud a tharla i bpáirt mar gheall ar an bhformheas sin. Ardóidh an dá ghradam seo próifíl NSAI agus é ag iarraidh dul i bhfeidhm ar chliant úra.

Mar Fhoras ar Tugadh Fógra dó, tá NSAI aitheanta mar gheall ar a fhreagrúlacht agus ar a infhaighteacht. I réimse na bhfeistí míochaine, meastar NSAI a bheith láidir mar gheall ar thoradh intuatha a phróiseas a chuidíonn le comhlachtaí formheas táirgí a bhaint amach go tráthúil. Is gné bharthábhachtach í seo ag

comhlachtaí feistí míochaine maidir le bhfás sa todhchaí.

Laghú ar Líon na bhForas a dTugtar Fógra Dóibh

Is nós coitianta faoi láthair é san Eoraip ag eagrais ilnáisiúnta líon na bhForas ar dTugadh Fógra Dóibh a mbíonn siad ag plé leo maidir le feistí míochaine a íslí. Tá na comhlachtaí is mó ag laghdú ó shé nó seacht gcinn go trí nó ceithre cinn. Tá an treocht seo ag dul chun sochair do NSAI, nó tá comhlachtaí mar Beckman Coulter, Abbott agus Medtronic go fóill ag plé le NSAI mar a rogha Forais ar Tugadh Fógra Dó, rud atá ag cur le gnó NSAI. Is comhartha tábhachtach é seo ar an muinín atá as na seirbhísí a chuireann NSAI ar fáil, agus tá clú an eagrais ag feabhsú dá réir.

Le cúig bliana anuas tá líon na gcliant atá ag NSAI maidir le deimhniúcháin feistí méadaithe ar 20%.

TACAÍOCHT DON INBHUANAITEACHT

Forbairtí i Múnlaí Teirmeacha

Forbraíodh scéim le linn na bliana chun cumas múnlaíthe theirmigh

a fhíorú. Baintear úsáid as múnlaí teirmeacha chun measúnú a dhéanamh ar fhoirm na héagsúlachta sa teocht i bhfoirgnimh, agus chun faisnéis a ghiniúint faoi airíonna fisiceacha na bhfoirgneamh agus faoin dóigh agus faoin áit a bhfuil an teas sin á ghiniúint.

Tá sonraí faoi mhúnlaí teirmeacha le fáil i gCáipéis Treorach Teicniúla na Roinne, a ghabhann le Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta, mar chuid de na Sonraí Inghlactha Foirgníochta (ACD). Toisc go gcaithfear a léiriú go bhfuil foirgnimh ag teacht leis na Sonraí seo, bhí gá le scéim chun gnóilachtaí a bhíonn ag déanamh ríomhuithe faoi mhúnlaí teirmeacha a chlárú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu. Trína leithéid de scéim, léireofaí cruinneas a gcuid ríomhuithe.

Forbraíodh an scéim go himmheánach agus rinneadh plé leis an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil agus le hInstitiúid Teicneolaíochta BÁC, Sráid Bolton a d'fhorbair cúrsa ar mhúnlaí teirmeacha san am céanna a raibh an scéim á dréachtú. Is toradh na hoibre go bhfuil scéim neamhspleách, dhaingean anois ag an Roinn do mhúnlaí teirmeacha; caithfidh siad ar fad clárú chun a bheith comhlíontach.

Lean NSAI air de bheith ag tairscint seirbhís ghairmiúil deimhniúcháin maidir le táirgí nuálaíochta foirgníochta, agus chothaigh sé a chuid scéimeanna maidir le suiteálaithe inslíthe agus an scéim um Fheidhmíocht Fuinneog ó thaobh Fuinnimh de (WEP).

Le linn na bliana 2012, chuir NSAI iarratas isteach chuig Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun a bheith mar Fhoras ar Tugadh Fógra Dó i dtaca le táirgí éagsúla foirgníochta. Ligfidh sé seo do NSAI seirbhísí a chur ar fáil do chomhlachtaí ar mian leo Marcáil CE a chur ar a dtáirgí d'fhonn a bheith ag teacht le Rialachán an AE um Tháirgí Foirgníochta a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Iúil 2013.



PRÓIFÍL

Ó seoladh ISO 9001 25 bliain ó shin, tá deimhniúcháin bainte amach ag níos mó ná milliún comhlacht i mbreis agus 178 tír i dtaca leis an gcaighdeán seo atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus a bhaineann le Córais Bhainistíochta de Cháilíocht. Sa bhliain 2012, rinne NSAI ceiliúradh ar an 25 bliain le hócáid speisialta bronnata gradam. Tugadh aitheantas don chéad chomhlacht riamh in Éireann ar bhronn NSAI deimhniúcháin ISO 9001 air sa bhliain 1987.

Sa bhliain 1987, ba é Tool and Plastic, comhlacht múnlaíthe trí instealladh ar conradh an chéad comhlacht in Éirinn ar bhronn NSAI deimhniúcháin ISO 9001 air. Ba í an chéad chéim í i dtreo córais bhainistíochta de cháilíocht a chur i bhfeidhm.

Tugadh aitheantas speisialta don chomhlacht ag an ócáid as an obair cheannródaíoch aige ó bunaíodh é sa bhliain 1968 agus as a dtiomantas don cháilíocht. Le caighdeáin mar ISO 9001, feabhsaítear mianach iomaíochta comhlachtaí Éireannacha sa dóigh go dtig leo feidhmiú go muiníneach sa mhargadh baile agus sna margatá idirnáisiúnta atá ríthábhachtach.

Tá deimhniúcháin ISO 9001 ag breis agus 1,200 comhlacht faoi láthair. I staidéar a rinne Harvard ar 1,000 comhlacht, léiríodh gur mó seans atá ag na comhlachtaí sin a bhfuil ISO 9001 bainte amach acu maireachtáil ná iad siúd nach bhfuil sé bainte amach acu. Sales were close to 10% higher and there was higher employment growth at ISO certified workplaces.

Bhí na rátaí fáis i dtaca le díolacháin, fostaíocht, párolla agus meántuilleamh bliantúil níos airde ag eagrais a raibh caighdeáin bainte amach acu. Bhí rátaí díolacháin níos



John Perry, T.D., an tAire Gnóthas Beag, Maurice Buckley, POF, NSAI, agus Fergal O'Byrne, Bainisteoir um Feabhas Gnó, NSAI ag ceiliúradh 25 bliain ar an bhfód ag ISO 9001

airde ar 10% chóir a bheith agus bhí fás níos mó san fhostaíocht in áiteanna oibre a raibh deimhniú ISO bainte amach acu. B'airde ar chóir a bheith 10% na díolacháin acu agus bhí fás níos mó ar fhostaíocht in áiteanna oibre a raibh deimhniúcháin ISO acu.

Ag an ócáid, dúirt Maurice Buckley, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin NSAI, "Tugaimid onóir don chéad chomhlacht riamh in Éirinn a fuair deimhniúcháin ISO 9001 ó NSAI ar an gcomóradh 25 bliain ar an gcaighdeán. Tá sé barrthábhachtach go dtuigfeadh gnólachtaí gur córais iad Caighdeáin atá mar bhuncloch na nósanna oibre ar fud na ngnólachtaí agus go bhfuil an custaiméir mar chroílár gach rud a dhéanann tú. Ní ócáid aonuaire é deimhniúcháin ISO – is é an chéad chéim é ar bhealach leanúnach feabhsú cáilíochta agus is é an caighdeán é a nglactar leis go forleathan agus gnó á dhéanamh go hidirnáisiúnta."

➤ Méadreolaíocht



Is í méadreolaíocht eolaíocht an tomhais agus tá sí mar bhuntaca le gach gné den tsochaí nua-aimseartha óir go dteastaíonn torthaí tomhais atá iontaofa agus comhsheasmhach le hearnálacha na tráchtála, na heolaíochta, an rialtais, an oideachais agus an dlí. Tá ríthábhacht ag baint le muinín sa bhonneagar trádála eacnamaíoch. Tá ról lárnach sa chomhthéacs sin ag an iontaoibh atá ag daoine as córas tomhais na hÉireann, sa bhaile agus thar lear araon.

Tá freagracht ag Méadreolaíocht Dhlíthiúil NSAI as tomhaltóirí agus gnóthais na hÉireann a chosaint sa mhéid is a bhaineann sé le gnáth-thomhais. Is é an t-údarás dlíthiúil maidir le caighdeáin tomhais, agus cinntíonn sé go bhfuil na méideanna atá á muirearú ceart.



Is í Méadrejaolaíocht Dhlíthiúil NSAI an oibríocht forfheidhmiúcháin do thomhais atá in úsáid san earnáil trádála. Is ar na hAchtanna Méadrejaolaíochta 1980 - 1998 atá obair na Méadrejaolaíochta Dlíthiúla bunaithe agus tá cosaintí suntasacha iontu do thomhaltóirí agus déanann siad foráil do choinníollacha trádála do ghnólahtáí atá cothrom agus cóir. Déantar ionadaíocht ag an leibhéal náisiúnta, leibhéal na hEorpa agus go hidirnáisiúnta thar ceann ghnóthas agus tomhaltóirí na hÉireann maidir le cúrsaí méadrejaolaíochta dlíthiúla.

Agus í i mbun oibre chun comhlíonadh a chinntiú agus muinín a chothú, baineann Méadrejaolaíocht Dhlíthiúil úsáid as bunachar sonraí a bhfuil isteach is amach le 35,000 trádálaí agus gnóthas ann, a bhfuil freagracht orthu as beagnach 65,000 uirlis tomhais (ach amháin tomhais do dheochanna meisciúla).

Cuimsíonn an sainchúram reachtúil rialúcháin a shocrú agus a chur i bhfeidhm do na huirlisí tomhais atá in úsáid san earnáil trádála.

Áirítear leis an liosta uirlisí tomhais scálaí miondíola a bhíonn in úsáid i siopaí agus in ollmhargaí, uirlisí meáite móra tionsclaíochas cosúil le droichid mheáite d'fheithiclí agus trealamh chun ainmhithe a mheá ag marglanna, dáileoirí peitрил agus díosail ar réamhchúirteanna, córais tancaer bóthair le haghaidh ola téimh, tacsaimhéadair agus tomhais toillte a úsáidtear chun alcól a dhíol in áitribh cheadúnaithe. Tá úinéirí a leithéid d'uirlisí freagrach as a chinntiú go bhfuil a n-uirlisí ag obair i gceart agus fíoraithe i gcónaí. Ní mór dóibh siúd a thairgeann réamhphacáistí córais pacáistithe, samplála agus taifeadta chuí a úsáid. D'fhéadfaí an dlí a chur ar úinéir uirlise nó ar phacálaí nach gcomhlíonann leis an reachtaíocht.

Feidhmítear na rialúcháin maidir le huirlisí tomhais ar thrí leibhéal: Measúnacht Chomhlíonta, Fíorú i mbun Úsáide, agus Cigireacht.



Peter Vickers, Méadrejaolaíocht Dhlíthiúil an NSAI, ina sheasamh os comhair na feithicle tástála nua a fuair an tseirbhís chigireachta sa bhliain 2012. Bainfead úsáid aisti chun suas le 20 tona meáchan mór calabraithe a iompar chun cigireacht a dhéanamh ar dhroichid mheáite agus ar scálaí léibhinn san earnáil tionsclaíochta, cosúil le cairéil, marglanna beostoic agus ionaid phróiseála feola.

- **Measúnacht Chomhlíonta:** Tá dhá chéim i gceist léi seo: faomhadh cineáil, arb é an próiseas a dtugtar faoi chun a dheimhniú go bhfuil dearadh uirlis tomhais ag comhlíonadh leis na riachtanais dhlíthiúla; agus fíorú na huirlise indibhidiúla féin. Is féidir le táirgí atá cuimsithe ag Treoracha CE na hEorpa 2009/23/ EC maidir le huirlisí meáite neamh-uathoibríochas agus 2004/22/ EC maidir le huirlisí tomhais leas a bhaint as faomhadh cineáil Eorpach agus is féidir le déantúsóirí fíorú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as a gcóras bainistíocht cáilíochta faofa féin. Sa chás nach bhfuil córas bainistíocht cáilíochta faofa á fheidhmiú ag déantúsóir, is comhlacht a dtugtar fógra di maidir le fíorú EC Méadrejaolaíocht Dhlíthiúil agus is féidir léi tabhairt faoin obair seo ar iarratas ón déantúsóir. Ní mór táirgí nach bhfuil cuimsithe ag Treoracha na hEorpa a leagan isteach le haghaidh faomhadh cineáil náisiúnta agus fíoraithe.
- **Fíorú i mbun Úsáide:** Nuair a dheisítear uirlis atá in úsáid cheana, nó nuair a dhéantar coigeartú uirthi, ní mór í a fhíorú arís sular féidir í a úsáid arís chun críche trádála. Tá tástáil agus imscrúdú i gceist leis sin chun a chinntiú go gcomhlíonann sé le riachtanais dhlíthiúla. Is féidir le duine de na fíoraitheoirí údairithe i líonra an NSAI ar fud na tíre fíorú a dhéanamh.
- **Cigireacht:** Is féidir le cigire méadrejaolaíochta seiceáil a dhéanamh ar uirlis tomhais don earnáil trádála i rith a saoil chun a dhearbhu go bhfuil sí comhlíontach i gcónaí le riachtanais dhlíthiúla. Tá foireann cigirí ag Méadrejaolaíocht Dhlíthiúil ar fud na tíre agus déanann siad cigireacht in situ ar uirlisí a úsáidtear le haghaidh díola agus ceannaigh trí thomhas sa gheilleagar trí chéile, agus ar thaifid agus nósanna imeachta pacálaithe a réitíonn táirgí i bpacáistí dúnta trí mheáchan nó tomhas agus a ndíoltar go díreach ansin iad le tomhaltóirí sna siopaí.

➤ Méadreolaíocht (ar lean)

MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL AN NSAI – ATHBHREITHNIÚ NA BLIANA BONNEAGAR AN MHARGAIDH OSCAILTE

Rinneadh atheagar ar Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil a raibh sé d'aidhm aige an próiseas cigireachta a dhéanamh níos éifeachtaí agus tacaíocht a thabhairt d'oifig Stiúrthóir na Méadreolaíochta Dlíthiúla. Cinnteoidh sé sin go leanfar le hardleibhéal seachadadh seirbhíse, agus tabharfaidh sé muinín do ghnóthais agus do thomhaltóirí a bhíonn ag brath ar uirlisí tomhais le haghaidh idirbheart trádála.

Thug cigirí méadreolaíochta cuairt ar isteach is amach le 4,000 áitreabh trádála sa bhliain 2012. Thástáil siad 14,500 uirlis, agus fóraíodh 2,600 díobh sin.

Bíonn Méadreolaíocht Dhlíthiúil NSAI ag obair as lámha a chéile le comhlachtaí poiblí éagsúla ar réimsí comhspéise, mar shampla earnáil na bhfóntas uisce (ag ullmhú do shuiteáil méadar tí ar fud na tíre), na Coimisinéirí Ioncaim, Custam & Mál agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Dhéileáil Méadreolaíocht Dhlíthiúil NSAI le níos mó ná 300 fiosrú ó thomhaltóirí agus tuairiscí go raibh tomhas míchruinn á dhéanamh.

Rinneadh infheistíocht chaipitiúil shubstaintiúil sa bhliain 2012 nuair a fuarthas aonad trucaile agus leantóir do dhroichid mheáite. Iompraíonn an t-aonad seo meáchain arda ar fud

na tíre, a mbaintear úsáid astu chun comhlíonadh a chinntiú ar dhroichid mheáite, marglanna beostoic agus ionaid phróiseála feola.

Leanadh leis an gcur chuige cigireachta atá bunaithe ar riosca sa bhliain 2012. Cabhraíonn an cur chuige seo réimsí riosca a aithint de réir earnála agus díríonn cigireachtaí ar na réimsí sin ansin. Fágann sé sin go bhfuil córas cigireachta níos éifeachtaí ann mar go ndírítear ar na hearnálacha agus ar na huirlisí a bhfuil riosca ard ann nach bhfuil siad comhlíontach. Aithneofar earnálacha a bhfuil rioscaí arda iontu agus díreofar tuilleadh feachtas cigireachta orthu chun go gcoinneofar leis an leibhéal ard comhlíonta sa bhliain 2013.

Mar chuid den chur chuige leanúnach atá bunaithe ar riosca maidir le forfheidhmiúchán rialála, tugadh faoi ionchúiseamh rathúil amháin i rith na bliana 2012 i gcás oibritheora droichid meáite (féach ar Phróifíl ar leathanach 33). Anuas air sin, mar chuid d'fheachtais dírithe cigireachta, tugadh cuairt ar 30 marglann beostoic i rith na bliana, agus tástáladh 50 droichead meáite d'ainmhithe.

Scéim Fíoraitheoirí Údaraithe

Leanadh le fás scéim fíoraitheoirí údaraithe an NSAI, agus cuireadh 10 fíoraitheoir breise leis an liosta sa bhliain 2012. Fágann sé sin gur 26 an líon iomlán atá anois ann.

Is féidir le cigirí Méadreolaíochta Dlíthiúla díriú anois ar phríomhghníomhaíocht na cigireachta anois, i bhfianaise an leathnú atá tagtha ar an scéim fíoraitheoirí údaraithe.

Is iad seo a leanas catagóirí na bhfíoraitheoirí údaraithe nua:

- 3 córas tancair bóthair do bhreosla leachtach
- 5 dáileoir bhreosla leachtach
- 1 méadrú bainne
- 1 meáchan dramhaíola

Tar éis na bhfíoraitheoirí údaraithe sin a bheith curtha leis an scéim, tá fáil ar fhíoraitheoir údaraithe anois ar fud na tíre do gach catagóir seachas líon beag catagóirí a bhaineann le huirlisí speisialta.

Rinne oibrítitheoirí tríú páirtí isteach is amach le 27,000 fóirú ar uirlisí tomhais faoi scéim na bhfíoraitheoirí údaraithe, lena n-áirítear córais tacsaimhéadair, uirlisí meáite, tancair bóthair do bhreosla leachtach agus tomhais do dheochanna meisiciúla. Féach Tábla 2.

Tábla 2. Líon na bhFíoruithe a rinneadh i rith na bliana 2012 de réir earnála

Earnáil	Líon na bhFíoruithe
Córais tacsaimhéadair	3215
Meá	360
Dáileoirí Alcóil	23000
Méadair Ola ar Thrucaíl	140
Dáileoirí Bhreosla Leachtach	200

Déanann Méadreolaíocht Dhlíthiúil calabrú freisin ar thomhais toirte mhóra agus ar mheánmhéid in éagmais soláthróir calabraithe ardleibhéil náisiúnta. Rinneadh calabrú ar níos mó ná 20 soitheach dá leithéid ag ionad Méadreolaíochta Dlíthiúla NSAI i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2012. Bhain Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna) in Éirinn agus údaráis mhéadreolaíochta thar lear úsáid as na soithigh sin chun córais méadair do shreabhadh leachta a thástáil ar thancair bóthair (breosla leachtach agus bainne) chomh maith le dáileoirí breosla leachtach ar réamhchúirteanna.

Tábla 1 – Leathnú Líonra na bhFíoraitheoirí Údaraithe de réir Catagóir Uirlise agus líon na gcomhlachtaí

Bliain	Catagóir na bpríomhuirlise	Líon na gcomhlachtaí	Líon na n-údaruithe
2008	Córais tacsaimhéadair	1	1
	Uirlisí meáite	2	4
2009	Uirlisí meáite	6	18
2010	Uirlisí meáite	3	4
	Tomhais do dheochanna meisiciúla	1	1
2011	Tancair bóthair do bhreosla leachtach	2	2
	Méadair bainne	1	1
2012	Dáileoirí Bhreosla Leachtach	5	5
	Tancair bóthair do bhreosla leachtach	3	3
	Méadair bainne	1	1
	Meáchan dramhaíola	1	1
Iomlán		26	41



PRÓIFÍL

Rinne NSAI ionchúiseamh ar Chomharchumann i Loch Garman i mí Aibreáin 2012 as an reachtaíocht méadreolaíochta a shárú. Tar éis dó pléadáil ciontach, ciontaíodh an comhlacht i gCúirt Dúiche Ghuaire as dhá chúiseamh a bhain le húsáid a bhaint as droichead meáite nach raibh fíoraithe i gContae Loch Garman, ar sárú é ar an Acht Méadreolaíochta 1996 agus tugadh ordú dó €3,800 a íoc idir fhineálacha agus chostais.

Tugadh faoin ionchúiseamh tar éis cigireacht a dhéanamh ar an droichead meáite i mí Mheán Fómhair 2011 nuair a tháinig sé chun solais gur theip ar an gcomhlacht an droichead meáite a cheartú d'ainneoin gur tugadh rabhaidh dó déanamh amhlaidh cheana féin. Deimhníodh don chúirt gur cuireadh an droichead meáite in ord ón uair a rinneadh an chigireacht sin air agus go bhfuil an fíorú a bhí ag teastáil déanta go rathúil.

Baintear úsáid as droichid meáite ar fud an gheilleagair ar bhonn laethúil chun táirgí ar an mórchoír a mheá, ar iondúil iad a bheith idir 10 agus 60 tona. Bíonn idir dhaoine aonair agus ghnóthais ag brath ar chruinneas na dtomhas a dhéanann na huirilísí seo, leithéidí feirmeoirí, an tionscail agra-bia agus tarlóirí san earnáil ilghnéitheach lastais agus lóistíochta a bhíonn ag iompar raon leathan earraí, mar shampla bia, stroighín agus clocha cairéil. Rogha forfheidhmiúcháin atá ann trádálaithe nach bhfuil comhlíontach a ionchúiseamh, sa chás gur cuí, chun a chinntiú go gcosnófar daoine agus gnóthais a bhíonn ag brath ar thorthaí tomhais cruinne gach lá.

Cuireann an tAcht Méadreolaíochta 1996 dualgas ar an té a úsáideann uirlis tomhais san earnáil trádála cinntiú go gcomhlíonann sé le dearadh faofa, go bhfuil sé cruinn agus go bhfuil sé slán ó choigeartú neamhúdaráithe nó calaoiseach. Dlítear an duine a fhaightear ciontach as cion faoin Acht seo ar chiontú aomhair: fíneáil nach mó ná €4,000 a íoc; nó, faoi dhiscreíd na cúirte, téarma príosúntachta nach faide ná 12 mí; nó an fhíneáil agus phríosúntacht araon, chomh maith le forghéilleadh na n-earraí agus na n-uirlisí.

Tá sé mar aidhm ag Méadreolaíocht Dhlíthiúil NSAI ardchomhlíonadh maidir le tomhais a spreagadh in idirbhearta trádála tríd an reachtaíocht méadreolaíochta a fhorfheidhmiú ionas go mbeadh tomhaltóirí agus gnóthais in ann a bheith muiníneach go bhfuil an chainníocht earraí a ceannaíodh nó a díoladh ag teacht leis an airgead a malartaíodh, agus ag an am céanna tacú le timpeallacht chóir agus iomaíoch do ghnóthais trí chaighdeán tomhais chomhsheasmhacha a choinneáil.

Léirigh an tionchar dearfach a bhí ag na gníomhartha spriocdhíríte ar tugadh fúthu sa bhliain 2012 go raibh tairbhe shoiléir le baint as an gcur chuige d'fhorfheidhmiúcháin atá bunaithe ar riosca. Fanfaidh sé sin ina ghné lárnach de phlean ghnó Méadreolaíochta Dlíthiúla agus aithneofar tuilleadh earnálacha le haghaidh feachtais spriocdhíríte den chineál céanna sa bhliain 2013.

➤ Méadreolaíocht (ar lean)



Paul Hetherington, Ceannasaí ar Shaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI in éineacht le Deryck Omar ó Bhiúró Caighdeán Oileán na Tríonóide & Tobága agus é ag tabhairt cuairte ar an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta i 2012

Is í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) institiúid náisiúnta méadreolaíochta na hÉireann. Comhlíonann sé an ceanglas dlíthiúil atá ar NSAI de réir Alt 21 den Acht Méadreolaíochta 1996 caighdeáin tomhais náisiúnta do chainníochtaí fisiciúla a bhunú, a choinneáil agus a fhorbairt. Is iad na caighdeáin sin na macasamhlacha áitiúla is fearr den chóras aonad idirnáisiúnta – an córas SI – agus cuireann siad mar sin ar chumas earnáil thionsclaíoch na hÉireann rochtain a fháil ar an gcóras tomhais domhanda seo.

Is í Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) NSAI atá i gceannas ar chaighdeáin tomhais sna réimsí fuaimíochta, leictreachais, minicíochta, faid, maise, brú, fórsa, teocht, bogthaise agus toirc. Tacaíonn na caighdeáin sin le heagraíochtaí éagsúla, idir Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna) agus chomhlachtaí ilnáisiúnta, trí rochtain a thabhairt dóibh ar áiseanna tomhais úrscothach, seirbhís calabraithe éifeachtach agus freagrúil, comhairle agus feasacht maidir le saincheisteanna tomhais.

Aithnítear go forleathan gur gné bhunriachtanach de bhonneagar teicniúil an gheilleagair fhorbartha institiúid méadreolaíochta náisiúnta. Tá sé den riachtanas go mbeadh rochtain ar a leithéid d'ionad barr feabhais náisiúnta, mar atá sa tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, ag na hearnálacha tionsclaíocha agus seirbhíse, go háirithe i réimse na teicneolaíochta. Leanfaidh tábhacht an bhonneagair méadreolaíochta seo ar aghaidh, ar bonneagar é atá inniúil go teicniúil agus aitheanta go hidirnáisiúnta, agus léireoidh sé oiriúnacht na hÉireann mar ionad d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ardeicneolaíochta.

Braitheann iontaofacht na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an líonra saotharlanna tástála agus calabraithe tráchtála in Éirinn ar rochtain a bheith acu ar chaighdeáin tomhais náisiúnta ar ardcháilíocht. Sa chomhthéacs sin, is buntáiste iomaíoch tábhachtach d'Éirinn é saineolas tomhais agus seirbhísí gaolmhara a bheith ar fáil go háitiúil agus go caoithiúil.

MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL NSAI – ATHBHREITHNIÚ NA BLIANA BONNEAGAR AN MHARGAIDH OSCAILTE

Is é príomhchuspóir NSAI a chinntiú go bhfuil bonneagar caighdeán tomhais ann agus, ar an gcaoi sin, inrianaitheacht Aonad SI a sholáthar don earnáil thionsclaíoch. Baineadh é sin amach sa bhliain 2012 sa mhéid is go raibh 14 caighdeán tomhais náisiúnta ag NML an NSAI agus gur leathadh trí sheirbhís calabraithe chuimsitheach iad. Déantar obair NML, mar aon lena inniúlacht theicniúil a thástáil ar bhonn



leanúnach in aghaidh a gcomhlachtaí comhchéime, agus glacann NSAI páirt in idirchomparáidí tomhais idirnáisiúnta. Déanann siad sin comparáid idir torthaí tomhais an NML le hInstitiúidí Méadreolaíochta Náisiúnta (NMI) san Eoraip. Rinneadh sé idirchomparáid den chineál sin le hInstitiúidí Méadreolaíochta Náisiúnta agus leis an Bureau International des Poids et Mesures (BIPM) sa bhliain 2012, maidir leis an gCaighdeán Voltais Náisiúnta, friotaíocht leictreachais, brú, fad agus bogthaise. Sa mhéid is gur glacadh páirt go rathúil sna Comparáidí Idirshaotharlainne sin (ILC) agus gur baineadh amach torthaí sásúla, cinntíodh go leanfar ag glacadh go hidirnáisiúnta le teastais calabraithe an NML, agus le teastais calabraithe agus na tuarascálacha tástála a tháirgeann siad siúd a úsáideann seirbhísí calabraithe an NML.

Thug an BIPM faomhadh do raon breise Cumais Calabraithe & Tomhais (CMC) NML an NSAI agus d'fhoilsigh sé iad. Soláthraíonn Cumais Calabraithe & Tomhais den chineál sin, sna réimsí tomhsairí pionna, tomhsairí plocóide, tomhsairí fáinneacha, sféir agus scálaí líne, an cumas tomhais is fearr do na réimsí sin in Éirinn. Tugadh faomhadh dóibh tar éis athbhreithniú comhchéime domhanda a chur i gcrích agus tar éis rannpháirtíocht rathúil i gComparáidí Idirshaotharlainne le NMIanna eile.

Rinne EURAMET 'Iniúchadh Comhchéime' ar NML an NSAI freisin, de réir riachtanas Chomhaontuithe Aitheantais Fhrithpháirtigh (MRA) an Comité International des Poids et Mesures (CIPM). Chuimsigh an t-iniúchadh QMS iomlán na saotharlainne agus dhírigh sé ar ghnéithe teicniúla de Shaotharlann Brú an NML. Tacaíonn cur i gcrích rathúil an iniúchta le Cumais Calabraithe & Tomhais an NML, agus cinntíonn sé go leanfaidh sé ag comhlíonadh le riachtanais MRA an CIPM.

FEIDHMÍOCHT GHNÓ FEABHSAITHE

Bíonn an t-éileamh atá ann do bheachtas agus cruinneas tomhais níos fearr ag fás i gcónaí agus sa chomhthéacs sin tá sé tábhachtach go mbainfí an úsáid is éifeachtaí agus is féidir as taithí agus saineolas an NML ar son tionscail na hÉireann.



Soláthraíonn iniúchtaí tomhais cruthúnas neamhspleách ar chumais tomhais eagraíochta, chomh maith le feidhmiú mar mheicníocht sár-mhaith d'aistriú eolais idir an NML agus an eagraíocht a bhfuil iniúchadh á dhéanamh uirthi.

Rinne an NML dhá iniúchadh tomhais déag sa bhliain 2012 do sheacht gcomhlacht: leathnaigh dhá chomhlacht a scóip; agus bhain an chuid eile acu úsáid as an bhfeidhmiú iniúchta chun tacú lena gcreidiúnú ar bhonn leanúnach.

Meastar go bhfuil rannpháirtíocht rathúil in iniúchadh tomhais den riachtanas ó thaobh cumas teicniúil saotharlainne a bhailíochtú agus a thagarmharcáil.

Is í an sprioc a bhí ann sa Phlean Straitéiseach 2009-2012 20 iniúchadh dá leithéid a dhéanamh. Bhí níos mó ná 40 curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana 2012.

Chomh maith le hiniúchtaí tomhais a sholáthar, chuir NML an NSAI comhairleacht theicniúil ar fáil freisin do 11 comhlacht maidir le fadhbanna a bhaineann le tomhais a réiteach.

I measc an chúnaimh theicniúil a cuireadh ar fáil, bhí comhairle maidir le dearadh saotharlainne, trealamh a

roghnú agus a fháil, éiginneacht tomhais a fheabhsú agus nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt.

AG COTHÚ AN GHEILLEAGAIR NUALAÍOCHT AGUS EOLASBHUNAITHE Gníomhaíochtaí Taighde

Déantar caighdeáin tomhais náisiúnta a choinneáil ar bhonn leanúnach, ach tá gá ann freisin feabhas a chur orthu agus iad a fhorbairt chun go bhfanfaidís i gcomhréir le forbairtí teicniúla, rialúcháin agus leis na héilimh a thagann ón earnáil thionsclaíoch. Tugann NML faoi thaighde agus tionscadail forbartha mar sin (i gcomhpháirt le hInstitiúidí tríú leibhéal go minic) a bhfuil sé mar aidhm acu cáilíocht agus raon a gcaighdeán agus seirbhísí tomhais a fheabhsú. Tá tairbh eile ag baint leis na tionscadail sin sa mhéid is go dtugann siad buneolas do thaighdeoirí óga maidir le heolaíocht an tomhais agus go gcuireann siad dea-chleachtais tomhais chun cinn in institiúidí taighde.

Lean an fheidhmíocht láidir a bhí ann le blianta beaga anuas sa bhliain 2012 nuair a bhí trí thionscadal taighde chomhoibríocha ar bun le DCU, chomh maith le forbairt agus cur i láthair modúl saotharlainne le hInstitiúid Teicneolaíochta Tamhlachta,

➤ Méadreolaíocht (ar lean)



agus borrradh ar chlár oiliúna agus comhairleachta an NML. Is é an toradh a bhí ar cheann de na tionscadail taighde gur foilsíodh páipéar rathúil ar Temperature Mapping Of Temperature Controlled Enclosures (-70°C TO 180°C) Pitfalls and Recommendations (féach Próifíl ar leathanach 37).

Áirítear i measc na dtionscadal ar tugadh fúthu sa bhliain 2012:

- D'fhorbair an NML ceithre mhodúl saotharlainne agus chuir siad i láthair iad do mhic léinn innealtóireachta in Institiúid Teicneolaíochta Tamhlachta mar chuid lárnach dá siollabas cúrsa. Teoiric agus cleachtas i dtomhas agus calabrú toirc a bhí sna modúil, agus ba iad baill foirne Rannóg Thoiseach an NML a chuir i láthair iad.
- Leanadh le hiarrachtaí comhoibríocha NML an NSAI le DCU le trí thionscadal taighde: bhí péire acu in NML ar thaighde chun an cumas tomhais maidir le calabrú maise agus faid a fhorbairt agus a fheabhsú; agus tionscadal bainistíochta fuinnimh amháin i bhfoirgneamh an NML i nGlas

Naíon. Rachaidh an taighde seo chun tairbhe NSAI agus earnáil thionsclaíoch na hÉireann trí rochtain a sholáthar ar chumas tomhais feabhsaithe.

- D'fhorbair foireann theicniúil an NML 14 cúrsa oiliúna teicniúla agus chuir siad i láthair iad do 70 duine nó mar sin ó raon tionscal. Cuireadh oiliúint ar fáil san NML agus i bhfoirm inchuideachta freisin.

Tá NSAI ag pleanáil páirtnéireachtaí a bhunú le hinstitiúidí tríú leibhéal agus a bheith ina pháirtnéir gníomhach de chuid Chlár Taighde Méadreolaíochta na hEorpa (EMPIR). Clár uile-Eorpach a bheidh ann a mhairfidh suas le seacht mbliana agus déileálfaidh sé le taighde a bhaineann le méadreolaíocht. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh rochtain ag taighdeoirí na hÉireann ar an tionscnamh taighde ardleibhéal seo agus tá NML an NSAI ag obair ar phleananna chun é sin a bhaint amach. Bhí an NML páirteach i líon tionscadal comhoibríoch idirnáisiúnta a chuir cúnamh ar fáil d'Institiúidí Méadreolaíochta thar lear: tairgeadh sraith Tástálacha Inniúlachta d'Institiúid Méadreolaíochta Náisiúnta Málta

(MCCAA); chuir an NML cúnamh ar fáil freisin do Bhiúro na gCaighdeán in Oileán na Tríonóide & Tobága, ar cúnamh é a dhírigh ar dheardh saotharlainne agus ar sheirbhísí deimhnithe do tháirgí freisin.

Lean an NML ag soláthair seirbhísí beachta tomhais agus calabraithe don earnáil feiste leighis i rith 2012. Cuireadh comhairle theicniúil maidir le tomhas ar fáil freisin, go háirithe i réimse an bhrú agus calabrú aershreibhe.

Infheistíocht Leanúnach

Tá infheistíocht chaipitúil leanúnach den riachtanas do ról an NML i gcomhthéacs an fócas atá aige an tacaíocht agus na seirbhísí is fearr agus is féidir a sholáthar d'earnáil thionsclaíoch na hÉireann, agus sa bheis ar thaithí agus saineolas an NML. Cuireann sé feabhas le héifeachtacht agus cumasaíonn sé cothabháil agus uasghrádú a seirbhísí teicniúla araon. Sampla amháin de sin is ea an córas Sartorius do Mheá Róbaitic, ar coimisiníodh go hiomlán é agus a thosaigh ag feidhmiú sa bhliain 2012. Chuir an NML seirbhís calabraithe maise níos éifeachtaí agus níos cruinne ar fáil dá chustaiméirí a bhuíochas leis an gcóras seo.

Déanann an córas meáite foráil do chalabrú chaighdeán maise beachta Aicme E1 agus E2, sa raon idir 1mg agus 1kg trí úsáid a bhaint as córas meáite amháin. Mar chóras calabraithe atá go hiomlán uathoibríoch, tháinig sé in áit an chur chuige traidisiúnta de láimh a bhíodh ann chun meáchain E3 a chalabrú, rud a d'fhág go raibh ardú acmhainne 150% agus laghdú in aga tionscanta an calabraithe ó thréimhse níos faide ná 20 lá go níos lú ná 10 lá. Fágann sé sin gur laghdaíodh costais bhliantúla calabraithe na hearnála tionsclaíocha chomh maith leis na custaiméirí a bheith níos sásta le seirbhís calabraithe maise an NML.

Thug an córas nua seo an deis do NML a chumas calabraithe a leathnú go dtí calabrú aicme E1, rud a fhágann go n-osclofar margaí nua don NML in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus thar lear.



PRÓIFÍL

Rinne NML an NSAI cur i láthair teicniúil faoi Mhapáil Teochta ag an Naoú Siompóisiam Teochta Idirnáisiúnta (ITS9).

Reáchtáiltear an siompóisiam uair amháin gach 10 mbliana chun sárthaispeántas a chur ar bun ina gcuirfear i láthair na forbairtí atá déanta i dtomhas teochta le deich mbliana anuas agus d'fhreastal os cionn 250 toscaire air ó 35 tír. Buaicphointe roinnt blianta taithí de chuid an NML an cur i láthair agus tuairisc achomair a bhí ann sula bhfoilseofaí páipéar taighde dar teideal: Temperature Mapping Of Temperature Controlled Enclosures (-70°C TO 180°C) Pitfalls and Recommendations, ar foilsíodh in imeachtaí ITS9 é.

Ní mór iniaimh teochtrialaithe, cosúil le reoiteoirí, cuisneoirí, goradáin, steirileoirí agus cuasáin comhshaoil, a úsáid nuair atáthar ag plé le stóráil, tástáil comhshaoil, saothrú agus steiriliú samplaí san earnáil thionsclaíoch. Déantar mapáil teochta ar an toirt tástála chun athruithe teirmeacha maidir le toirt an chuasáin agus fad na mapála a aithint chun go ndearbhófar éifeachtacht na gcuasán sin. Riachtanas rialála é sin i roinnt tionscal. Má tá ort monatóireacht a dhéanamh 24 uair in aghaidh an lae, ní mór duit mapáil bhlantúil a dhéanamh. Déanann an úsáideoir deiridh, i.e. an t-ospidéal/an comhlacht coigisíochta/an comhlacht feiste leighis an obair seo é féin nó cuirtear amach ar fho-chonradh go soláthróir seirbhíse calabraithe é. Déanann Bord Leigheasra na hÉireann (IMB) coinníoll de anois go ndéanfaidh comhlachtaí a bhfuil creidiúnú ISO 17025 acu an mhapáil. Tá réimse modhanna in úsáid faoi láthair chun mapáil teochta a dhéanamh, rud a fhágann gur féidir neamhréireanna a bheith ann nó torthaí calabraithe a thabhairt atá ag brath ar an modh a úsáideadh. Tá gá ann na modhanna sin a chaighdeánú chun go gcuirfí feabhas ar cháilíocht agus ar iontaofacht na dtorthaí a tuairiscítear.

Tá treoir úsáideora do Mhapáil Teochta in Éirinn tiomsaithe ag NML atá bunaithe ar an taighde agus an taithí atá acu sa réimse sin. Áirítear leis sin modhanna mapála molta, inneachar tuarascáil mhapáil teochta, measúnacht ar na príomhchomhpháirteanna atá le cur san áireamh i mbuiséad neamhchinnteachta agus cumas réadúil tomhais is fearr sa raon ó -70°C go 180°C.


Rinne saineolaithe ó Institúidí Méadreolaíochta Náisiúnta eile ag an siompóisiam measúnacht ar an gcur i láthair. Mar thoradh air sin, tá NML aitheanta anois mar cheann de na príomhInstitúidí Méadreolaíochta Náisiúnta agus measann roinnt daoine gurb í an tsaotharlann is fearr san Eoraip í.

Ag leanúint ar an gcur i láthair sin, athbhreithníodh an páipéar taighde in imeachtaí na comhdhála agus tá glactha leis le haghaidh a fhoilsiú agus is garr go bhfoilseofaí an American Institute of Physics é.

Mar aitheantas ar obair an NML sa réimse seo, tá dhá chomhlacht idirnáisiúnta, Rotronic agus MBW, ag gabháil anois le comhthionscadal taighde leis an NML faoi theicnící bailíochtaithe aeráide do theocht agus bogthaise araon. Cuirfear comhpháipéar i láthair ag an Siompóisiam Idirnáisiúnta TempMeko sa bhliain 2013 faoi Theocht agus Tomhais Teochta san Earnáil Thionsclaíoch agus Eolaíochta.

Is treoirlíne an páipéar taighde anois maidir le mapáil cuasáin agus dréachtú buiséad neamhchinnteachta agus má chloítear leis, cinnteoidh sé gur tugadh faoi mhapáil éifeachtach.

Cáipéis thagartha a bheidh ann do shaotharlanna atá ag déanamh mapála teochta faoi láthair sa mhéid is go gcabhróidh sí leo an cruinneas is fearr ar féidir leo a bhaint amach a dhearbhu. Tabharfaidh sé tuiscint níos fearr do chomhlachtaí nua faoin méid atá i gceist le seirbhís mapála teochta a chur ar bun. Cabhróidh sé freisin le comhlachtaí creidiúnaithe agus le measúinóirí teicniúla araon a measúnachtaí teicniúla ar a leithéid de shaotharlanna a dhéanamh ag caighdeán an ISO 17025.



> Rialachas Corparáideach





Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tá forálacha an chóid á gcur i bhfeidhm.

Eiticí in Oifigí Poiblí

Tá forálacha an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 á gcur i bhfeidhm. Tugann comhaltaí an Bhoird agus na foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis leasa don Rúnaí.

Saoráil Faisnéise

Is comhlacht forordaithe NSAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Anuas air sin, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí don NSAI freisin.

Comhionannas

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus tá cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht glactha aige. Tá beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre i bhfeidhm agus curtha in iúl do gach ball foirne.

Sábháilteacht, Sláinte agus

Leas ag an Obair

Tá an NSAI ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, lena n-áirítear ullmhú Ráiteas Sábháilteachta Oibríochtaí a chuimseoidh gach ní a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne agus iad siúd a thugann cuairt ar áitreabh an NSAI.

Éifeachtacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá an NSAI tiomanta gach iarracht is féidir a dhéanamh chun a bheith éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus chun bearta caomhnaithe agus athchursála a chur i gcrích. Baineann an chuid is mó dár dtomhailt fuinnimh le teas, solas agus cumhacht in ár bhfoirgneamh oifige. Glacann an tÚdarás páirt i gcomhaontuithe creatlaí le haghaidh soláthar leictreachais agus gáis a fhaigheann an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair go lárnach.

Íocaíochtaí Prasa



Ag teacht le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá NSAI tiomanta a chinntiú go n-íocfar gach soláthróir go pras.

Teangacha Oifigiúla

Tagann NSAI faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla de réir Alt 10 den Acht.



Comhaltaí an Bhoird



1. Ann Riordan, Cathaoirleach
2. James Collins
3. Damian Wallace
4. Kieran Ryan
5. Mary Ita Walsh
6. David Gargan
7. Edmond Stack
8. Barbara O'Leary
9. Anne Clarke
10. Des O'Loughlin
11. Kierán Cox
12. Terry Landers
13. Maurice Buckley, Príomhfheidhmeannach

Ráitis Airgeadais na Bliana 2012



RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	42
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	43
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	44
COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA	46
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	47
CUNTAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	49
RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	50
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE	51
RÁITEAS SREABHADH AIRGID COMHDHLÚITE	52
NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS	53



Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Do Ráitis Airgeadais na Bliana 2012

Éilíonn Mír 8(2) den Chéad Sceideal den Acht fán Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 ar an Údarás gach cuntas cuí agus gnách a choinneáil i cibé foirm a bheidh forordaithe ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, ar airgead a fuair sé agus a chaith sé agus go háirithe gach cuntas speisialta a choinneáil ina leithéid d'fhoirm is a luadh cheana de réir mar a ordóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go chéile. Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, éilítear ar an Údarás:

- Polasaithe cuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh i mbun feidhme.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, ina nochtar a staid airgeadais go réasúnta cruinn ag am ar bith, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh ar mhaithe le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:

James Collins
Comhalta Boird
27 Meitheamh 2013

Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2013



Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord an NSAI, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais san Údarás.

Ní féidir leis an gcóras seo ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí agus go gcosctar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí orthu go tráthúil.

Tá bearta curtha i gcrích ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil comhshaol rialaithe cuí ann trí:

- Nósanna imeachta foirmeálta a chur ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr na cuntasáíochta a fhorbairt ag gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Próiseas bhainistíocht riosca a fheidhmiú. Déanann an próiseas seo breithniú ar na príomhrioscaí atá ann don Údarás agus é i mbun a dhualgas a fheidhmiú agus a mhórchuspóirí a bhaint amach.
- Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a aithint agus a mheas agus as dearadh agus feidhmiú rialuithe inmheánacha cuí.
- Tuairiscíonn an bhainistíocht don Bhord maidir le hathruithe suntasacha in oibríochtaí an Údarais agus na rioscaí a bhaineann leo.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis ach go háirithe:

- Teorainneacha údaraithe atá sainmhínithe go soiléir, deighilt dualgas agus na rialuithe atá ar fáil óna chóras airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchta maoirseacht ar an gcóras seo, a fhostaíonn gníomhaireachtaí seachtracha oiriúnacha chun an córas seo a scrúdú agus a thástáil.
- Feidhmiú córas rialaithe buiséid a ndéantar an fheidhmíocht iarbhair a chur i gcomparáid leis i rith na bliana. Tuairiscítear torthaí airgeadais don Bhord agus déantar aon athraitheas vis-à-vis an buiséid a imscrúdú.
- Tá faomhadh an Bhoird ag teastáil le haghaidh gach príomhúdarás íocaíochta agus sainordú bainc.
- Tugann an Coiste Iniúchta, ar fochoiste den Bhord é, faomhadh do phleananna iniúchta inmheánacha agus déileáleann sé le haon saincheist rialaithe shuntasach a dtarraingíonn na hiniúcháirí inmheánacha nó seachtracha aird uirthi. Cinntíonn an Coiste seo go ndírítear an obair a dhéanann an fheidhm iniúchta inmheánach ar na réimsí sin a bhfuil an riosca nó an neamhchosaint is mó iontu.

Tá an fheidhm iniúchta inmheánach seachfhoinisithe ag NSAI, agus feidhmíonn sé de réir Chreatlach an Chóid Dea-Chleachtais atá le fáil sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchta. Faigheann obair an iniúchta inmheánaigh faisnéis ó anailís a dhéantar ar an riosca a bhfuil neamhchosaint ag an gcomhlacht dó, agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís sin. Tacaíonn an Coiste Iniúchta leis an anailís a dhéantar ar riosca agus leis na pleananna iniúchta inmheánacha. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana chun leordhóthanacht agus éifeachtacht an chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh a athbhreithniú agus a dheimhniú.

Faigheann obair monatóireachta agus athbhreithnithe an Bhoird maidir le héifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh faisnéis ó obair an Iniúcháir Inmheánaigh, an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NSAI a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreatlaí rialaithe airgeadais.

Dearbhaím gur sheol an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe airgeadais inmheánacha maidir leis an mbliain go dtí 31 Nollaig 2012.

James Collins
Comhalta Boird
27 Meitheamh 2013



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht fán Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Cuimsítear leis na ráitei airgeadais, ar ullmhaíodh iad faoi na beartais cuntasáíochta a leagtar amach iontu, na beartais chuntasáíochta, an cuntas comhdhlúite ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe comhdhlúite, an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir alt 8 den chéad sceideal den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasáíochta a nglactar go forleathan leis in Éirinn.

FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as cinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIR CUNTAS AGUS CISTE

Tá freagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme. Déanaim m'iniúchadh a sheoladh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchta (an RA agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

SCÓIP INIÚCHTA NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Is é atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais, ar leor an fhianaise sin lena chinntiú go réasúnta nach bhfuil aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu ar calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis sin measúnú ar an méid seo a leanas:

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasáíochta oiriúnach do chúinsí an Údaráis, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go cuí iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh le linn do na ráitis airgeadais a bheith á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Féachaim le fianaise a fháil freisin faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Anuas air sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréir dhealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheidh ann do mo thuarascáil.

MAOINIÚ PINSEAN IARCHURTHA

Tarraingím aird ar nóta 11 (c) leis na ráitis airgeadais gan coinníoll a chur le mo thuairim. Aithníonn an tÚdarás sócmhainn maidir le maoiniú pinsean iarchurtha – cuirfidh an Stát ar fáil luach reatha an mhaoinithe a bhfuil sé ag súil leis sa todhchaí chun dlíteanais pinsean a íoc de réir mar a dlítear iad. Glactar leis go bhfuil sé intuigthe leis an gcur chuige cuntasáíochta seo go gcuirfí aon ioncam a ghineann an tÚdarás i dtreo speansas reatha sa chéad áit agus gurb é maoiniú an Stáit a íocfaidh as aon ghanntanas acmhainní, anois nó sa todhchaí, lena n-áirítear dlíteanais pinsean sa todhchaí.



TUAIRIM FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

I mo thuairim, tugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais, ar ullmhaíodh go cuí iad de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar go forleathan leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana 2012.

Is í mo thuairim gur choimeád an tÚdarás leabhair cuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

NITHE A DTUAIRISCÍM ORTHU TRÍ EISCEACTH

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun críche m'iniúchta, nó
- thug mé faoi deara le linn m'iniúchta aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead chun críche na gcuspóirí a beartaíodh dó nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó
- ní léirítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Údaráis leis an gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- aimsím go bhfuil nithe eile ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi ar tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscítear orthu trí eisceacht.

Patricia Sheehan

Ar son agus thar ceann
an Ard-Reachtair Cuntas
agus Ciste 30 Meitheamh 2013



Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta

BORD NSAI

Is iad seo a leanas Comhaltaí Boird NSAI, arb é an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a cheapann iad:

Comhaltaí Boird: A. Riordan Uasal – Cathaoirleach
An tUas. M. Buckley – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
A. Clarke Uasal – Ceapadh 14 Aibreán 2012
An tUas. J. Collins
An tUas. K. Cox – Ceapadh 14 Aibreán 2012
An tUas. D. Gargan – Ar Scor 14 Aibreán 2012
An tUas. T. Landers – Ceapadh 6 Márta 2012
B. O’Leary Uasal – Ceapadh 6 Márta 2012
An tUas. D. O’Loughlin – Ar Scor 14 Aibreán 2012
An tUas. K. Ryan
An tUas. E. Stack
An tUas. D. Wallace
M.I. Walsh Uasal – Ar Scor 14 Aibreán 2012
An tUas. P. Bracken – Rúnaí an Bhoird

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Príomhoifig: 1 Cearnóg Swift
An Choill Thuaidh
Seantreabh
Baile Átha Cliath 9

Iniúcháirí: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Baincéirí: Allied Irish Banks

Dlíodóirí: McCann Fitzgerald



Beartais Chuntasaíochta

AN tACHT FÁN ÚDARÁIS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN, 1996

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an 14 Aibreán 1997 de réir Alt 6 den Acht fán Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Dílsíodh gach réadmhaoin san Údarás ar lá a bhunaithe, ar réadmhaoin de chuid NSAI mar Choiste d'Fhorfás í ar an lá díreach roimhe sin. Rinne na forálacha eatramhacha a leagadh amach i gCuid III den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 foráil d'aistriú gach réadmhaoin, ceart agus dliteanas de chuid na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlíthiúla a bhí i seilbh Forbairt an lá roimhe sin go dtí an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Is iad seo a leanas bunús na cuntasáíochta agus na mbeartas cuntasáíochta suntasach:-

(a) BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhaontú an Aire Airgeadais faoin Acht fán Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, ach amháin mar atá luaite thíos agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasáíochta a nGlactar leis go Forleathan. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta de réir mar a thagann feidhm leo.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais chomhdhlúite ráitis airgeadais an Údaráis agus a fhochomhlacht, NSAI Inc. Níl aon difríocht idir beartais chuntasaíochta an fhochomhlachta agus an tÚdarás.

(b) IONCAM

Déantar cuntasáíocht ar gach ioncam sa tréimhse inar saothraíodh é ach amháin Deontas an Oireachtais. Caitear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear orthu mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a seachtar an tseirbhís.

(c) DEONTAS AN OIREACHTAIS

Déantar cuntasáíocht air seo ar bhunús admháil airgid tirim ach amháin nuair a fhaightear deontas i ndáil le hurscaoileadh dliteanas sa bhliain dar gcionn, nuair a iarchuirtear an deontas.

(d) AISTRIÚ AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Idirbhearta Airgeadra Eachtrach

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte atá ann ag dáta an Chláir Comhardaithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte atá ann ag dátaí na n-idirbheart atá taobh thiar dóibh. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le brabúis agus caillteanais ag eascairt as aistrithe airgeadraí eachtracha nuair a ghlantar méideanna atá infhaighte agus iníoctha in airgeadra eachtrach.

Oibríochtaí Eachtracha

Nuair atáthar ag aistriú torthaí na hoibríochta eachtraigh le haghaidh a n-áireamh sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dliteanais ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Comhardaithe. Aithnítear an difríocht aistrithe ag eascairt as oibríochtaí eachtracha a athlua san airgeadra feidhmiúil, an euro, de bharr athruithe sna rátaí malairte, sna cúlchistí (an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais faoin teideal "coigeartú aistrithe" maidir le míreanna airgeadaíochta agus an Cuntas Caipitil maidir le difríochtaí athaistrithe a bhaineann le sócmhainní seasta). Aistrítear ioncam agus speansaí ag meánrátaí malairte míosúla. Aithnítear aon difríocht aistrithe iarmharach a thagann chun cinn i gcomparáid le ráta an Chláir Comhardaithe i gcúlchistí na hoibríochta freisin.

Déantar cuntasáíocht ar gach ioncam ach amháin Deontas an Oireachtais sa tréimhse inar saothraíodh é.

(e) SÓCMHAINNÍ SEASTA

Cuimsíonn sócmhainní seasta sócmhainní seasta inláimhsithe atá in úinéireacht NSAI agus a luaitear ag costas lúide dímheas carntha nó i gcás Talamh & Foirgnimh a aistríodh ó Fhiontar Éireann, Méadreolaíocht Náisiúnta (NML) ag luacháil. Ríomhtar dímheas chun costas sócmhainní a dhíscríobh thar a saoil úsáideacha mheasta mar seo a leanas:

Trealamh, Feistis & Daingneáin	5 bliain
Ríomhairí	3 bliain
Talamh agus Foirgnimh	50 bliain
Mótarfheithiclí	5 bliain

> Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

(f) CUNTAS CAIPITIL

Seasann an Cuntas Caipitil d'ioncam deontais a úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a fháil agus díluacháiltear é de réir na mbeartas dímhéasa agus athluachála do na sócmhainní gaolmhara.

(g) FEICHIÚNAITHE

Déantar feichiúnaithe a lua gan an fhoráil a dhéantar do dhrochfhiacha agus fiacha amhrasacha nach n-aisghabhfar a chur san áireamh. Déantar an fhoráil i gcoinne fiacha nach n-aisghabhfar i gcoinne feichiúnaithe sonracha amhrasacha, agus déantar foráil bhreise i gcoinne fiacha trádála eile sa chás gur cuí.

(h) LÉASANNA

Déileáiltear sna ráitis airgeadais le méideanna cíosa atá le hóc faoi léasanna oibriúcháin de réir mar atá siad le hóc.

(i) AOISLIÚNTAS

Aithníonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta iomlána agus an Clár Comhardaithe idirbhearta, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna pinsin de réir riachtanas Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Sochair Scoir.

Scéim Forfás

Is baill foirne d'Fhorfás i gcónaí baill foirne atá ag obair san NSAI, ar fostaithe buana d'Fhorfás iad díreach roimh lá a bhunaithe, de réir Alt 38(1)(a) den Acht fán Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann 1996. Dá réir sin, tá Forfás freagrach as teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe sin de réir Mír 3 den Dara Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993.

Scéim NSAI

Feidhmíonn NSAI scéim phinsin le sochar sainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead atá curtha ar fáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Déantar dlíteanais scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireachta trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Is léiriú iad costais pinsin ar shochair pinsin atá saothraithe ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad gan ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a áireamh, ar ranníocaíochtaí iad atá coinnithe siar ag NSAI. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inaisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireachta a d'eascraí ó athruithe sna boinn toimhde achtúireachta agus ó fharasbairr agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta iomlána don bhliain lena mbaineann siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inaisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Is ionann dlíteanais pinsin agus an luach reatha atá ar íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá saothraithe ag baill foirne chun dáta. Seasann maoiniú pinsin iarchurtha don tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2012



	Nótaí	2012 €	2011 €
Ioncam	1	18,613,423	18,550,589
Caiteachas			
Riarachán agus Speansais Ghinearálta	2	24,689,586	24,262,568
Easnamh roimh Dheontas an Oireachtais		(6,076,163)	(5,711,979)
Deontas an Oireachtais	3	6,244,859	6,335,837
Farasbarr Oibriúcháin don bhliain		168,696	623,858
Aistriú ón gCuntas Caipitil	4	215,960	198,897
Coigeartú Aistrithe		(39,853)	93,310
Farasbarr don bhliain		344,803	916,065
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		4,162,592	3,246,527
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		4,507,395	4,162,592

Is i ndáil le gníomhaíochtaí leanúnacha méideanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:

James Collins
Comhalta Boird
27 Meitheamh 2013

Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2013

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

Amhail an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
Farasbarr don bhliain		344,803	916,065
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin	11 (d)	1,390,000	620,000
Athruithe sna boinn toimhde atá taobh thiar de luach reatha na ndliteanas scéime pinsin	11	-	-
Gnóthachain achtúireachta ar Dhliteanais Pinsin		1,390,000	620,000
Coigeartú do Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha	11	(1,390,000)	(620,000)
Gnóthachain Iomlána Aitheanta don bhliain		344,803	916,065

Is cuid de na Ráitis Airgeadais na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:



James Collins
Comhalta Boird
27 Meitheamh 2013



Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2013


Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	4,537,120	4,752,880
Sócmhainní Reatha			
Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	7	3,928,785	3,656,105
Banc		1,704,942	2,145,573
		5,633,727	5,801,678
Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	8	1,126,332	1,639,086
Glansócmhainní Reatha		4,507,395	4,162,592
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh Phinsin		9,044,515	8,915,472
Sócmhainn maoinithe iarchurtha do Phinsin	11 (c)	33,300,000	32,000,000
Dlíteanais Pinsin	11 (b)	(33,300,000)	(32,000,000)
		-	-
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha tar éis Pinsin		9,044,515	8,915,472
Glansócmhainní		9,044,515	8,915,472
Arna airgeadú ag:			
Cuntas Caipitil	4	4,537,120	4,752,880
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		4,507,395	4,162,592
		9,044,515	8,915,472

Is cuid de na Ráitis Airgeadais na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:



James Collins
Comhalta Boird
27 Meitheamh 2013



Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2013

Ráiteas Sreabhadh Airgid Comhdhlúite

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
Réiteach an Fharasbairr Oibriúcháin don bhliain le Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí			
Farasbarr Oibriúcháin don bhliain		168,696	623,858
Ús Bainc		(10,351)	(9,540)
Muirear Dímhéasa	5	706,758	739,139
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		(36,450)	(31,000)
(Méadú) i bhFeichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		(272,680)	(47,746)
(Laghdú) i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe		(512,755)	(375,608)
Coigeartú Aistrithe Airgeadra		(39,853)	93,310
Glan-Insreabhadh ó Oibríochtaí		3,365	992,413
RÁITEAS SREABHADH AIRGID			
Glan-Insreabhadh ó Oibríochtaí		3,365	992,413
Fáltais ar Infheistíocht agus Seirbhísíú Airgeadais			
Ús Bainc		10,351	9,540
Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil		13,716	1,001,953
Maoiniú Caipitil			
Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	(490,797)	(540,242)
Díol Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		36,450	31,000
Ardú in Airgead Tirim		(440,631)	492,711
Réiteach Ghlan-Insreabhadh Airgid le Gluaiseacht i nGlanchistí			
Gluaiseacht i nGlanchistí sa bhliain		(440,631)	492,711
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		2,145,573	1,652,862
Glanchistí amhail an 31 Nollaig		1,704,942	2,145,573

Nótaí leis na Cuntais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2012

(1) Ioncam

	2012 €	2011 €
Táillí Deimhniúcháin	14,975,818	14,569,966
Díol Caighdeán	791,344	804,080
Ioncam Eile	145,910	347,003
Ús Bainc	10,351	9,540
	15,923,423	15,730,589
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	Nóta 11 (c) 2,690,000	2,820,000
	18,613,423	18,550,589

(2) Riarachán agus Speansais Ghinearálta

	2012 €	2011 €
Pá agus Costais Aoisliúntais	11,716,554	12,294,384
Costais Pinsin	Nóta 11 (a) 2,972,825	2,869,378
Luach saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird	Nóta 14 71,170	63,362
Speansais Taistil	1,305,254	1,253,573
Seirbhísí Fochonraithe agus Proifisiúnta	3,412,878	2,899,441
Cíosanna, Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil	1,975,466	1,923,342
Speansais Oibriúcháin eile	1,900,862	1,599,597
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(36,450)	(31,000)
Suibscríbhinní le hEagraíochtaí	638,419	625,502
Dímheas	Nóta 5 706,758	739,139
Táille Iniúchta	25,850	25,850
	24,689,586	24,262,568

Cuimsíonn Pá agus Costais Aoisliúntas na foirne:

Pá agus Tuarastail	10,950,079	11,564,643
Costais Leasa Shóisialaigh	736,773	725,793
Costais Aoisliúntais	29,702	3,948
	11,716,554	12,294,384

Is é 154 líon na daoine a bhí fostaithe (cóibhéis lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2012. (2011: 168)

Áirítear le Speansias Oibriúcháin Eile suim arb ionann í agus €7,334 i ndáil le Rannpháirtíocht fostaithe/leas na foirne. Áirítear leis na costais sin ranníocaíocht le himeachtaí a bhain le club sóisialta na foirne agus cleachtaí chun an spiorad foirne a chothú.

(3) Deontas an Oireachtais

	2012 €	2011 €
Deontas do Riarachán agus do Speansais Ghinearálta	6,244,859	6,335,837
	6,244,859	6,335,837

Is é an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a eisíonn Deontas an Oireachtais agus áirítear leis suim arb ionann í agus €456,859 i ndáil le ceannacháin caipitil sa bhliain 2012. Is ó Vóta 32, Fotheideal A.11 a thagann an maoiniú.



Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2012

(4) Cuntas Caipitil

	2012 €	2011 €
Iarmhéid ar oscailt	4,752,880	3,682,379
Glanghluaiseacht ar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe	(215,960)	(198,897)
Aistriú go dtí an Cuntas Ioncaim & Caiteachais	(215,960)	(198,897)
Aistriú Talamh & Foirgnimh an NML ó Fhiontar Éireann	0	1,270,000
Coigeartú Aistrithe Airgeadra	200	(602)
Amhail an 31 Nollaig	4,537,120	4,752,880

(5) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

In Euro	Trealamh, Feistis & Daingneáin €	Trealamh Ríomhaireachta €	Talamh & Foirgnimh €	Mótár Feithiclí €	Iomlán €
COSTAS					
Amhail an 1 Eanáir 2012	4,536,461	2,771,505	4,203,632	360,331	11,871,929
Breisithe	161,555	184,454	19,638	125,150	490,797
Diúscairtí	(125,299)	(110,106)		(130,633)	(366,038)
Coigeartú Aistrithe	(695)	(2,914)			(3,609)
Amhail an 31 Nollaig 2012	4,572,022	2,842,939	4,223,270	354,848	11,993,079
DÍMHEAS					
Amhail an 1 Eanáir 2012	3,801,892	2,341,091	771,373	204,693	7,119,049
Muirear don bhliain	327,213	259,150	84,062	36,333	706,758
Diúscairtí	(125,299)	(110,107)		(130,633)	(366,039)
Coigeartú Aistrithe	(956)	(2,853)			(3,809)
Amhail an 31 Nollaig 2012	4,002,850	2,487,281	855,435	110,393	7,455,959
GLANLUACH LEABHAIR					
Amhail an 1 Eanáir 2012	734,569	430,414	3,432,259	155,638	4,752,880
Glanghluaiseacht don bhliain	(165,658)	(74,695)	(64,424)	88,817	(215,960)
Coigeartú Aistrithe	261	(61)			200
Amhail an 31 Nollaig 2012	569,172	355,658	3,367,835	244,455	4,537,120

(6) Réadmhaoin

Tá roinnt áitreabh ag NSAI. Tá ár bpríomhoifig lonnaithe ag 1 Cearnóg Swift, Seantreabh, Baile Átha Cliath 9. Tá an t-áitreabh sin ar léas, ar léas é a síníodh i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Tabharfar faoin gcéad athbheithniú cíosa 5 bliain i mí Eanáir 2013 agus cuimseoidh sé an tréimhse dár tosú an 1 Eanáir 2013.

Tá Oifigí Réigiúnacha ag NSAI i Luimneach agus sna Stáit Aontaithe. Tá oifig Luimnigh lonnaithe ar Bhóthar Pháirc Plassey, An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh agus is le NSAI an t-áitreabh sin. Tá an oifig réigiúnach sna Stáit Aontaithe lonnaithe ag 402 Amherst Street, Nashua, NH 03063, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá an t-áitreabh sin ar léas, ar léas é a síníodh i mí na Nollag 1999 agus a ghabhfaidh in éag i mí Lúnasa 2013.

Tá Saotharlann Méadreolaíochta Náisiúnta NSAI suite i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath 9, agus is in úinéireacht NSAI atá an t-áitreabh sin.

Tá líon Ionad Réigiúnach Méadreolaíochta Dlíthiúil ag NSAI. Tá na hionaid sin lonnaithe i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Cliath, Sligeach, Dún Dealgan, Port Láirge agus i nGaillimh. Is le NSAI gach ceann de na háitribh sin.



(7) Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2012 €	2011 €
Feichiúnaithe Trádála	2,779,836	2,508,003
Ioncam Fabhraithe	552,764	616,554
Réamhíocaíochtaí	596,185	531,548
	3,928,785	3,656,105

(8) Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de 1 bliain

	2012 €	2011 €
Creidiúnaithe Trádála	89,851	208,207
Creidiúnaithe eile agus Fabhruithe	777,763	682,088
Ioncam larchurtha	280,425	689,964
Cánachas, Árachas Sóisialta agus CBL	(21,707)	58,827
	1,126,332	1,639,086

(9) Tiomantais a rinneadh faoi Léasanna Oibriúcháin

Is ionann na híocaíochtaí a rinneadh faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh a muirearaíodh sna ráitis airgeadais agus €934,304 (2011: €932,351). Tá íocaíochtaí faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh ar ionann iad agus €934,019 le déanamh sa bhliain 2013. Baineann siad sin le léasanna a bheidh ag dul in éag mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Éag Léasa:		
Laistigh de bhliain amháin		
Idir bliain amháin agus cúig bliana	42,068	40,510
Tar éis cúig bliana	891,951	891,951
	934,019	932,461

(10) Cánachas

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó cháin ar a chuid ioncaim.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2012

(11) Costais Pinsin

(a) Anailís ar chostais pinsin iomlána a muiearaítear do Chaiteachas

	2012	2011
Costais seirbhíse reatha	€1,600,000	€1,700,000
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	€1,800,000	€1,600,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(€427,175)	(€430,622)
	€2,972,825	€2,869,378

(b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais

	2012	2011
Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir	€32,000,000	€29,800,000
Costais seirbhíse reatha	€1,600,000	€1,700,000
Costais Úis	€1,800,000	€1,600,000
Gnóthachan achtúireachta	(€1,390,000)	(€620,000)
Pinsin a íocadh i rith na bliana	(€710,000)	(€480,000)

Glandliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig	€33,300,000	€32,000,000
--	--------------------	--------------------

(c) Maoiniú iarchurtha do Phinsin

Aithníonn NSAI na méideanna sin mar shócmhainn a fhreagraíonn don dhliteanas iarchurtha neamh-mhainithe do phinsin ar bhunús sraith bhonn tuisceana agus roinnt imeachtaí a tharla san am a caitheadh. Áirítear leis na himeachtaí sin an bunús reachtúil atá le bunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá ann faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meas-tacháin bliantúil. Níl aon fhianaise ag NSAI nach leanfaidh an beartas a tagraíodh dó thuas ag íoc as suimeanna dá leithéid ag teacht leis an gcleachtas reatha.

Is é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2012	2011
Maoiniú inaisghabhála maidir le costais pinsin na bliana reatha	3,400,000	3,300,000
Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc	(710,000)	(480,000)
	2,690,000	2,820,000

Is ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2012 agus €33.3 milliún (2011: €32.0 milliún).

(d) Stair oibleagáidí sochair shainithe

	2012	2011	2010	2009
Oibleagáidí sochair shainithe	€33,300,000	€32,000,000	€29,800,000	€30,000,000
Gnóthachan ó thaithí ar dhliteanais scéime				
Méid	(€1,390,000)	(€620,000)	(€3,450,000)	(€1,900,000)
Céatadán na ndliteanas scéime	(4%)	(2%)	(12%)	(6%)

Is ionann an gnóthachan achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta iomlána agus €6,573,000.

(e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Is ionann an scéim pinsin agus socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar thuarastal deiridh ina dhéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainmhíniú trí thagairt a dhéanamh do rialacháin 'eiseamláire' reatha scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsin (ochtódú amháin in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. De ghnáth, téann ball ar scor nuair a bhaineann siad 65 bliain amach, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach nuair a bhaineann siad 60 bliain amach. De ghnáth, méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á gcur siar) ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh i gcás nochtaí FRS17 (Leasaithe) ar luacháil achtúireach iomlán dar dáta an 3 Márta 2013 a rinne achtúire cáilithe neamhspleách, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh, d'fhoill measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2012.



(11) Costas Pinsin

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana aachtúireachta:

	2012	2011	2010
Ráta méadaithe tuarastal	4%	4%	4%
An ráta ag ar mhéadaigh pinsin atá á n-íoc	4%	4%	4%
Ráta lascaíne	5.5%	5.5%	5.5%
Ráta boilscithe	2%	2%	2%

(f) Mortlaíocht

Is iad seo a leanas na meánionchais saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais pinsin a chinntiú

	2012	2011	2010
Fear, aois 65	22	22	22
Bean, aois 65	25	25	25

(12) NSAI Inc.

Bunaíodh NSAI Inc. i New Hampshire, Stáit Aontaithe Mheiriceá an 1 Iúil, 1997 mar chorporáid neamhbhrabúsach a bhí in úinéireacht iomlán NSAI chun críche eolas a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin reatha agus caighdeáin mholta na hÉireann agus an AE, soláthar athbhreithnithe teicniúla agus measúnú táirgí, próisis agus cleachtais agus deimhniú comhlíontachta le caighdeáin an AE, na hÉireann agus idirnáisiúnta. Cuireadh iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc. san áireamh sna ráitis airgeadais seo. Áirítear leis an Farasbarr Comhdhlúite ar Oscailt don bhliain farasbarr ó oibríochtaí NSAI Inc. ar ionann é agus €321,211 (2011 : €376,919).

(13) Comhaltaí Boird – Nochtadh Idirbheart

D'fhéadfadh NSAI dul isteach i socruithe conartha i ngnáthchúrsa gnó le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird NSAI fostaithe nó a bhfuil leas acu ann ar bhealach eile. Ghlac NSAI le nósanna imeachta de réir na dtreoirilíní a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le Comhaltaí Boird a bheith ag nochtadh leasa agus chloígh NSAI leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.



Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2012

(14) Luach saothair na Stiúrthóirí agus Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

(a) Luach saothair na Stiúrthóirí a íocadh sa bhliain 2012

A. Riordan Uasal		€11,929	Cathaoirleach
An tUas. J. Collins	[Nóta (i)]	€3,244	
An tUas. D. Gargan		€2,360	Ar scor 14 Aibreán 2012
An tUas. T. Landers	[Nóta (ii)]	€0	Ceaptha 6 Márta 2012
B. O'Leary Uasal	[Nóta (iii)]	€0	Ceaptha 6 Márta 2012
An tUas. K. Ryan		€7,668	
An tUas. E. Stack		€7,668	
An tUas. D. Wallace		€7,668	
M. I. Walsh Uasal		€2,360	Ar scor 14 Aibreán 2012
An tUas. M. Buckley		€0	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
A Clarke Uasal	[Nóta (iv)]	€5,309	Ionadaí Foirne, ceaptha 14 Aibreán 2012
An tUas. K. Cox	[Nóta (iv)]	€5,309	Ionadaí Foirne, ceaptha 14 Aibreán 2012
An tUas. D. O'Loughlin	[Nóta (iv)]	€3,834	Ionadaí Foirne, ar scor 14 Aibreán 2012

Is ionann luach saothair iomlán na Stiúrthóirí don bhliain 2012 agus €57,349 (2011: €59,246).

- (i) Scoireadh leis an íocaíocht de réir treoir an DPER maidir le prionsabal OPOS (Tuarastal Amháin do Dhuine Amháin).
- (ii) Scor an Ball go deonach den luach saothair Stiúrthóra.
- (iii) Ní raibh luach saothair iníoctha de réir prionsabal OPOS.
- (iv) Luach saothair iníoctha le hionadaithe foirne de réir treoir an DPER a eisíodh sa bhliain 2012, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2011.

(b) Speansais Stiúrthóirí

Is ionann speansais iomlán na Stiúrthóirí don bhliain 2012 agus €13,820 (2011: €4,116).

(c) Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Is ionann buntuarastal bliantúil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a íocadh sa bhliain 2012 agus €153,651 (2011: €153,651). Ba ionann an pacáiste iomlán luach saothair, a raibh foráil aoisliúntais, carr comhlachta agus tairbhí eile i gceist leis (faoi réir ag sochar comhchineáil), don bhliain 2012 agus €164,161 (2011: €164,529). Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de scéim aoisliúntais fhoireann NSAI agus ní théann a theidlíochtaí pinsin níos faide ná gnáth-theidlíochtaí scéim eislaimáire na seirbhíse poiblí. Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon íocaíocht a bhain le feidhmíocht sna blianta 2012 nó 2011.

(15) Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 11 Aibreán 2013.

Aguisín



Caighdeán - Caighdeán na hÉireann (I.S.) – sonraíocht náisiúnta bunaithe ar chomhdhearcadh painéil saineolaithe, faoi réir ag comhairliúchán leis an bpobal agus arna fhoilsiú ag NSAI amháin. Caighdeán na hEorpa (EN) – is caighdeán é atá glactha ag CEN/CENELEC agus tá dualgas forfheidhmithe leis mar chaighdeán náisiúnta combhionann chomh maith le tarraingt siar caighdeán náisiúnta nach bhfuil ag aontú leis. Comhuain is a ghlacann NSAI leis, foilsítear Caighdeán Eorpach mar I.S. EN.

Corrigendum - Cáipéis fhorlíontach le ceann amháin, dhá cheann nó na trí leagan teanga (Béarla, Fraincis agus Gearmáinis) d'fhoilseachán CEN/CENELEC, a cheartaíonn earráid nó athbhrí amháin nó níos mó a tugadh isteach de thaisme le linn dréachtaithe nó priontála, agus a d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air go gcuirtear i bhfeidhm na leaganacha sin ar bhealach mícheart nó contúirteach.

Leasú - Cáipéis fhorlíontach daingnithe le EN (agus Cáipéis Chomhchuibhithe (HD) do CENELEC) atá scaipthe cheana féin do bhaill náisiúnta CEN/CENELEC le haghaidh forfheidhmiúcháin náisiúnta, atá le léamh i gcomhpháirt leis an EN / HD sin agus a athraíonn agus/nó a chuireann le forálacha teicniúla a bhí aontaithe cheana féin san EN / HD sin.

S.R. - Cáipéis mholta é Gnáthmholadh atá bunaithe ar chomhdhearcadh painéil saineolaithe agus faoi réir ag comhairliúchán leis an bpobal.

Bileog Léirmhínithe - Bileog foilsithe í seo ina dtugtar léirmhíniú ar chaighdeán CENELEC. Scríobhtar caighdeán CENELEC i bprionsabal ar bhealach a fhágann nach gá don úsáideoir léirmhíniú a dhéanamh air. Léann na comhpháirtithe, cosúil le déantúsóirí, deimhnitheoirí agus reachtóirí, áfach, a bhfuil baint acu le húsáid na gcaighdeán, na caighdeáin óna dtuiscint féin agus ní i gcónaí a thuigeann siad a bhfuil i gceist leis na caighdeáin. Dá bhrí sin, iarrann an Comhlacht Teicniúil a bhfuil freagracht air as an gcaighdeán foilsithe ar an CCMC (Ionad Bainistíochta CEN/CENELEC), tar éis nós imeachta faofa cuí, bileog Léirmhínithe a eisiúint arb í a haidhm an bhrí nó an cuspóir a bhaineann le cuid faoi leith den chaighdeán a shoiléiriú.

Iarscríbhinn Náisiúnta - Mír fhorlíontach a chuirtear le cúl Caighdeán Eorpaigh (arb iondúil í a bheith faisnéiseach) chun cabhrú leis an léitheoir an Caighdeán a thuiscint agus é a dhéanamh níos éasca é a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go mbeadh eolas ann atá sainiúil don Chomhlacht Caighdeán Náisiúnta ábhartha.

SWIFT - Cáipéis mholta a forbraíodh go tapaigh í Sonraíocht a Scríobhadh go Tapaigh atá bunaithe ar chomhdhearcadh na rannpháirtithe i gceardlann NSAI.



Nótaí



NSAI

PRÍOMHOIFIG

1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantreabh,
Baile Átha Cliath 9, Éire T +353 1 807 3800
F +353 1 807 3838 E info@nsai.ie

NSAI.ie